



Tuarascáil Bhliantúil 2021

**An méid atá
fágtha le huacht
againn**

**É sin a
chaomhnú san
am i láthair**

**Agus a chur ar
aghaidh do na
glúnta atá le teacht**



Clár Ábhar

	page
Teachtaireacht an Chathaoirligh	1
Teachtaireacht an Phríomhfheidhmeannaigh	5
Próifíl Michael Parsons, Cathaoirleach, 2018-2021	8
Faoin gComhairle Oidhreachta	10
Clár Straitéiseacha	20
Infheistíochtaí Straitéiseacha	33
Scéimeanna Deontais	38
Oideachas agus Rannpháirtíocht Phoiblí	42
Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht a Chur Chun Cinn	45
Aguisín	53
Rialachas	59
Ráitis Airgeadais	62

© An Chomhairle Oidhreachta | The Heritage Council 2022.

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den leabhar seo a chur i gcló ná a atáirgeadh ná a úsáid ar aon bhealach leictreonach, meicniúil nó eile, atá ar eolas anois nó a cumfar ina dhiaidh seo, lena n-áirítear fótachóipeáil nó ceadúnas a cheadaíonn cóipeáil shrianta in Éirinn. Arna eisiúint ag Gníomhaireacht na hÉireann um Cheadúnú Cóipchirt Teo., Áras Scríbhneoirí na hÉireann, 19 Cearnóg Parnell, Baile Átha Cliath 1.

Arna fhoilsiú ag an gComhairle Oidhreachta Sraith Chomhairle Oidhreachta na hÉireann. ISBN: X



Teachtaireacht an Chathaoirligh

Chuir an Chomhairle Oidhreachta fáilte mhór roimh cheapachán Martina Moloney mar chathaoirleach nua na Comhairle i mí Dheireadh Fómhair 2021. Bhí Martina ina comhalta boird ó 2020 ar aghaidh. Tá próifíl Martina, chomh maith lena teachtaireacht do thuarascáil 2021, ar fáil le léamh thíos.

Ba mhór an onóir dom i mbliana a bheith ceaptha mar Chathaoirleach ar an gComhairle Oidhreachta agus táim ag súil go mór le cur le hobair na comhairle agus lena chinntiú go ndéanaimid gach rud is féidir linn chun leanúint ar aghaidh ag tacú lenár n-earnáil.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don Chathaoirleach atá ag imeacht, Micheal Parsons, fear a raibh a obair dhíograiseach gan staonadh le feiceáil go soiléir agus mé mar chomhalta boird. Le linn dó a bheith ina chathaoirleach, thug sé tacaíocht do thionscnaimh fhiúntacha éagsúla; ó thacú le pobail áitiúla tríd an Scéim um Shéadchomhartha a Uchtú go dtí rannpháirtíocht na scoileanna a spreagadh sa chlár iontach, Oidhrecht sna Scoileanna. Gabhaimid buíochas ó chroí leis as an méid a chuir sé le caomhnú agus le cur chun cinn na hoidhreachta agus guímid gach rath air sa chéad chuid eile dá shaol.

Lean Covid-19 ag cruthú dúshlán in 2021 mar gur chuir sé isteach ar chonarthaí a bhaineann le caomhnú agus caomhnú na hoidhreachta, agus bhí orainn an t-uafás imeachtaí a chur ar ceal. Bhí tionchar mór aige ar shaolta gairmithe san earnáil oidhreachta.

Mar sin féin, tá an Chomhairle Oidhreachta agus an earnáil oidhreachta solúbtha. Cuireadh tacaíochtaí breise rialtais ar fáil d'eagraíochtaí a chuaigh bealach eile agus a bhí tiomanta do bhealaí nua oibre. D'éirigh go geal leis an bhfás in úsáid na teicneolaíochta digití, agus cuireadh go leor imeachtaí oiliúna agus oideachais ar líne.

Cruthaíonn sé seo an cumas chun inrochtaineacht na gclár seo a fheabhsú, agus an lucht éisteachta/féachana a mhéadú ar bhealach atá éifeachtúil ó thaobh costas de. Bhí mé an-tógtha leis an [bhfiseán iontach](#) a chuir Quin Heritage Group le chéile, atá bunaithe ar stair agus oidhrecht shaibhir Chuinche, Contae an Chláir, tionscadal a fuair maoiniú trínár Scéim Deontais Oidhreachta Pobail.

I measc bhuaicphointí eile 2021 bhí Gradaim na hOidhreachta Náisiúnta, a thug aitheantas don obair iontach a dhéanann pobail agus daoine aonair ar fud na hÉireann maidir lena n-oidhrecht áitiúil a chosaint agus feasacht na hoidhreachta áitiúla a mhúscailt. Seoladh in 2021 freisin an t-athbhreithniú ar chlár na n-oifigeach oidhreachta, atá tar éis cur go mór le cur chun cinn agus cosaint na hoidhreachta ar fud na hÉireann. Is iontach



an rud é go bhfuil oifigigh oidhreachta againn anois i ngach contae, oifigigh a chuireann seirbhís tacaíochta den scoth ar fáil.

Ag teacht le sainordú reachtúil na Comhairle Oidhreachta, táimid ar tír tús a chur le plan straitéiseach nua a ullmhú, a leagfaidh amach fíis agus tosaíochtaí na comhairle do na cúig bliana amach romhainn. Ó mo dhearcadh féin, cuirfidh príomh-mhíreanna na straitéise ról na comhairle san áireamh maidir le suim, oideachas, eolas, bród agus taitneamh a bhaint as an oidhrecht iontach atá againn sa tír seo a chur chun cinn.

Anuas air sin, beidh gá le fócas ar an gcuidreamh idir oidhrecht agus athrú aeráide. Beidh ríthábhacht le comhoibriú leanúnach leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, agus le comhpháirtithe eile amhail an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, an earnáil oideachais, údaráis áitiúla agus pobail chun go n-éireoidh linn.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe ar bhord na

Comhairle Oidhreachta as a gcúnamh agus as an méid a dhéanann siad ar bhonn deonach chun oidhrecht na hÉireann a chosaint. Ba mhaith liom freisin aitheantas a thabhairt don tsárobair a dhéanann Príomhfheidhmeannach agus foireann na Comhairle Oidhreachta a dhéanann obair na gcapall chun sainordú na comhairle a sheachadadh ar bhealach nuálach solúbtha. Fáiltím roimh na hacmhainní méadaithe airgeadais agus daonna a chuir an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta ar fáil in 2021 agus táim ag tnúth le bheith ag obair leis an bhfoireann leathnaithe sna blianta amach romhainn.

Is í an mhian atá agam ná go mbeidh Éire ina tír ina bhfuil meas ar an oidhrecht agus ina mbaintear taitneamh as oidhrecht de gach aon sórt. Is cúis bhróid í an oidhrecht do phobail, idir shean agus nua, ó gach glúin, mar aon leis an iliomad cuairteoirí a mbeidh súil againn fáilte a chur rompu tar éis Covid. Is féirín ón am atá thart í ár n-oidhrecht, féirín atá lárnach dár bhféiniúlacht.

Martina Moloney

Cathaoirleach na Comhairle Oidhreachta

Martina Moloney: Próifil



D'fhás Martina Moloney aníos ar fheirm bheag lasmuigh d'Inis, Co. an Chláir. Thug an tógáil seo an-léargas di ar oidhreacht thógtha agus nádúrtha a timpeallachta áitiúla.

Neartaigh na múinteoirí ina scoil náisiúnta tuaithe an tsuim seo san oidhreacht ar bhonn laethúil. Chuir siad béim ar an tábhacht a bhaineann le stair, gnáthóga agus sainchomharthaí áitiúla.

Thug na tionchair dhearfacha seo tuiscint dhomhain do Martina ó aois an-óg ar an dlúthnasc idir daoine, áiteanna agus oidhreacht.

Bhí Martina ina Príomhfheidhmeannach ar chomhairlí contae Lú agus na Gaillimhe. Chomh maith leis sin, bhí sí ina comhalta den Chomhairle Ealaíon agus den Choimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta don Rialtas Áitiúil, EirGrid CPT agus roinnt eagraíochtaí pobail. Tá BA

agus MA aici sa Bhainistíocht Phoiblí agus Dochtúireacht sa Rialachas.

Aithníonn sí an obair a bhreathnaigh sí agus na rudaí a d'fhoghlaim sí ó ghairmithe oidhreachta agus ó ghrúpaí deonacha pobail le linn a cuid ama ag obair le húdaráis áitiúla, mar nithe a thug spreagadh di chun a cuid iarrachtaí a dhíriú ar fheasacht ar an oidhreacht shaibhir atá ag Éirinn a chaomhnú, a chosaint agus a chur chun cinn.

Ag teacht leis na huaimhianta seo, ceapadh Martina mar bhall de bhord na Comhairle Oidhreachta in 2020, tar éis di a bheith ina comhalta comhairle roimhe sin ó 2005-2010 agus tugann sí léi anois mar chathaoirleach, ní hamháin an t-eolas a fuarthas le linn a gairme rialtais áitiúil agus ó bhallaíocht ar bhoird éagsúla, ach freisin an cineál taithí luachmhar nach féidir a bhaint amach ach trí shaol rannpháirtíochta le pobail áitiúla.



Teachtairacht an Phríomhfheidhmeannaigh

Chonacthas suim agus meas athnuaite ar ár n-oidhreacht náisiúnta in 2021, agus an tír ag dul isteach i dtréimhse níos machnamhaí mar gheall ar shrianta Covid-19.

Agus muid ag dul isteach go ré nua, tá an Chomhairle Oidhreachta réidh le tógáil ar a rathúlacht san am a chuaigh thart agus tá rún daingean aici feasacht níos doimhne fós a spreagadh ar chuid de na seoda inláimhsithe agus doláimhsithe atá thart orainn.

Dul chun cinn i mbliana

Agus Tuarascáil Bhliantúil 2021 na Comhairle Oidhreachta á cur i láthair agam, tá áthas orm tuairisciú a dhéanamh ar an athrú atá tagtha ar an eagraíocht.

Neartaíodh na hacmhainní airgeadais atá ar fáil dúinn le méadú 45% ar ár mbuiséad bliantúil. Feabhsaíodh ár struchtúr foirne agus cruthaíodh sé phost nua; cloch mhíle mhór i stair 25 bliain na Comhairle. Cinnteoidh eagraíocht nuathógtha gur féidir linn ár ról a chomhlíonadh ar bhealach atá níos sruthlínithe, níos ábhartha agus níos tairbhí dóibh siúd a bhíonn i dteagmháil linn.

Tugann an tAcht Oidhreachta (1995) sainchúram leathan dúinn. Faoin Acht, cuimsíonn sainmhíniú na hoidhreachta séadchomharthaí, réada seandálaíochta, réada oidhreachta, oidhreacht ailtireachta, flóra, fána, gnáthóga fiadhúlra, tírdhreacha, muirdhreacha, báid bhriste, geolaíocht, gairdíní oidhreachta, páirceanna agus uiscebhealaí intíre. Léiríonn ár mbuaicphointí in 2021 an raon éagsúlachta seo.

Ár dtionscadail chun leas na bpobal

Soláthraíonn na scéimeanna deontais agus na cláir straitéiseacha atá á reáchtáil againn samplaí luachmhara den fhíoracmhainneacht atá ag an oidhreacht le cur le cuimsiú sóisialta, le cáilíocht na beatha agus le todhchaí inbhuanaithe.

Ba mhór an pléisiúr *'Pavee Roads Home'*, tionscadal a fhiosraíonn cultúr agus oidhreacht an Lucht Siúil, trí lionsa na staire agus na tíreolaíochta. Rianaigh an tionscadal breac-chuntas turas trí theaghlach den Lucht Siúil ó iarthar na hÉireann go cathair Bhaile Átha Cliath, ag taispeáint an chaoi a gcuireann an pobal seo le saol na hÉireann agus thar lear.

Nocht *'Currachs Past, Currachs Future'* an traidisiún, an stair agus an béaloideas a bhaineann leis na curacha ar bhruach na Bóinne. Thug sé deis do chuariteoirí céasla churaí a shnoí.

Léiríonn an cineál rannpháirtíochta agus spéise atá á fheiceáil againn i ngníomhaíochtaí pobail mar seo treocht níos leithne d'fheasacht mhéadaithe ar an ngá atá le hacmhainneacht na bpobal a uasmhéadú ar bhealaí inbhuanaithe.



Ar ámharáí an tsaoil, tá ag éirí linn leas a bhaint as an bhfeasacht seo. In 2021, léirigh freagraí suirbhé ó rannpháirtithe na *Scéime um Shéadchomhartha a Uchtú* gur aontaigh 100% acu gur chabhraigh an scéim lena bpobail áitiúla.

Ag obair lenár gcomhpháirtithe

Ba bhliain an-suntasach í 2021 do líonra na nOifigeach Oidhreachta. Le ceapadh Catherine McLoughlin i gCeatharlach agus an Dr Eoin Sullivan i Loch Garman, tá oifigeach oidhreachta fostaithe anois ag gach ceann de na 31 údarás áitiúil in Éirinn den chéad uair ó cuireadh tús leis an líonra in 1999. Bhí ról an líonra i *Seachtain Náisiúnta na hOidhreachta* lárnach dá rathúlacht, mar a bhíonn gach bliain go deimhin, agus ba mhór an t-ábhar misnigh dom an grá agus an meas ar oidhrecht in Éirinn a fheiceáil a léiríodh ón rannpháirtíocht le 1,058 imeacht a cuireadh ar fáil ar líne agus go pearsanta le linn imeachtaí na bliana seo.

Tá an Chomhairle Oidhreachta an-bhuíoch as an tacaíocht leanúnach a fuairamar in 2021 ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, ón Aire Darragh O'Brien,

TD agus ón Aire Stáit Malcolm Noonan, TD. Bhí an bheirt Airí flaithiúil lena gcuid ama, ghlac siad páirt in imeachtaí éagsúla agus thacaigh lenár gcuid oibre. Táim buíoch freisin d'oifigh na Rannóige Oidhreachta, DHLGH, a bhfuil meas agam ar a dtacaíocht agus a gcomhairle leanúnach.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin lenár gcomhpháirtithe sa rialtas áitiúil, go háirithe oifigh oidhreachta na n-údarás áitiúil. Tá comhoibriú ár gcomhghleacaithe thar raon gníomhaireachtaí seirbhíse poiblí agus gnólachtaí, chomh maith le comhoibriú idir grúpaí sochaí sibhialta agus an earnáil neamhbhrabúis, ina dtacaíochtaí thar a bheith luachmhar i ngach gné dár gcuid oibre fós. Táim an-bhródúil as a ndílseacht, a dtiomantas, a bhfuinneamh agus a nuálaíocht ar son na hearnála oidhreachta.

Táim ag súil go leanfaidh an Chomhairle lena cuid oibre chun rannpháirtíocht an phobail san oidhrecht a mhéadú ina cuid léirithe uile.

Virginia Teehan

Príomhfheidhmeannach na Comhairle Oidhreachta

2021: Bliain Mhaith don Oidhreacht



Buiséad Iomlán do 2021: €11,575,981
cothrom le méadú 22% ar an bhfigiúr do 2020



Maoiniú deontais in 2021: €5,839,440
cothrom le méadú 43% ar an bhfigiúr do 2020



Den chéad uair riamh
**is ar dheontais a leithdháiltear 50% de gach
buiséad de chuid na Comhairle Oidhreachta**



**Maoiniú do Chláir Straitéiseacha in 2021:
€1,158,979**
cothrom le méadú 45% ar an bhfigiúr do 2020



**Tacaíocht do bhonneagar oidhreachta in 2021:
€2,244,242:**
cothrom le méadú 13% ar an bhfigiúr do 2020



Den chéad uair le 25 bliain anuas, bhí méadú ann i
soláthar foirne na Comhairle Oidhreachta.
Tháinig méadú 25% ar an líon foirne

Próifíl Michael Parsons, Cathaoirleach, 2018-2021



I mí Dheireadh Fómhair 2021, chuaigh Michael Parsons ar scor mar Chathaoirleach na Comhairle Oidhreachta. Tar éis dó a bheith ina chomhalta boird ó 2012, ceapadh ina Chathaoirleach é i mí Dheireadh Fómhair 2017 ar feadh tréimhse ceithre bliana.

Cúlra

Tar éis dó a bheith ag obair san earnáil árachais ar dtús, rinne Michael Ard-Diplóma san Oideachas in 1971 agus thosaigh sé ag múineadh i nGairmscoil Phort Laoise go gairid ina dhiaidh sin. Ceapadh é ina phríomhoide ansin agus chuir sé barr feabhais ar a chuid scileanna ceannaireachta i rith an ama sin sular éirigh sé as an scoil in 2008.

Bhí baint ag Michael le go leor tionscadal agus eagraíochtaí oideachais thar na blianta. I measc rudaí eile, bhí sé ina:

- Chathaoirleach ar chraobh Laoise d'Aontas Múinteoirí Éireann idir 1972-77
- chéad Chathaoirleach ar Ionad Múinteoirí Laoise (Ionad Oideachais Laoise anois) 1988-89
- chomhalta feidhmiúcháin de Chumann Náisiúnta Príomhoidí agus Príomhoidí Tánaisteacha idir 2000-06, agus bhí sé ina Uachtarán ar an gCumann in 2004-05
- ball de bhunaitheoirí Choiste Ealaíon, Cultúir agus Oidhreachta an Chumainn Náisiúnta Príomhoidí agus Príomhoidí Tánaisteacha a reáchtálann tionscadail rannpháirtíochta cruthaitheacha in iarbhunskoileanna na hÉireann. Bhí sé ina Chathaoirleach in 2000

Rannpháirtíocht le Cumann Oidhreachta Laoise

Bhí suim i gcónaí ag Michael i gcúrsaí pobail, go háirithe i gcúrsaí a bhaineann leis an oidhrecht. Ghlac sé ballraíocht i gCumann Oidhreachta Laoise in 1975 agus tá baint aige leis an gcumann (trí ról éagsúla) thar thréimhse breis is dhá scór bliain.

In éineacht leo, bhí baint aige le stair agus oidhrecht Laoise a chur chun cinn trí chainteanna, siúlóidí, irisleabhair, comórtais scoile agus cosáin oidhreachta baile. D'oibrigh sé le Comhairle Contae Laoise chun croí stairiúil Phort Laoise a athnuachan, ag tosú le caomhnú Phlás Mhic Mhuiris agus chuid de bhalla cosanta dhún an 16ú haois.

Comhphárteachas poiblí

Léirítear suim agus rannpháirtíocht Micheál sa chomhphárteachas poiblí ar bhealaí éagsúla. I measc rudaí eile, bhí sé ina:

- chomhalta de bhord Thurasóireacht Laoise
- Chathaoirleach ar thoghcheantar Laoise/Uíbh Fhailí Fhine Gael 1994-98
- Uachtarán ar Chomhlachas Tráchtála Laoise 1990-91
- Chathaoirleach Chairde Ospidéal Ginearálta Phort Laoise 1999-2000
- bhall d'Fhóram Oidhreachta Laoise

Obair leis an gComhairle Oidhreachta

Mar Chathaoirleach na Comhairle Oidhreachta, thug Michael faoi fhreagrachtaí na Comhairle chun suim, eolas, oideachas agus bród inár n-oidhrecht chultúrtha a chur chun cinn. Sa ról ceannaireachta seo, d'oibrigh sé i gcomhpháirtíocht leis na páirtithe leasmhara go léir chun a chinntiú gur tugadh faoi ghnó na comhairle de réir na gcaighdeán is airde.

Le linn a thréimhse mar chathaoirleach, thacaigh Michael agus rinne sé maoirsiú ar an méadú ar fhostaíocht oifigeach oidhreachta na n-údarás áitiúil, agus anois tá líon iomlán oifigeach oidhreachta i ngach údarás áitiúil. Méadaíodh líon foirne na Comhairle Oidhreachta go suntasach le linn a thréimhse agus tháinig méadú 50% ar an mbuiséad bliantúil.

Rinne Michael maoirseacht freisin ar chur i gcrích *Oidhrecht i Lár Báire, Plean Straitéiseach na Comhairle Oidhreachta 2018-2022*.

Ba ar dheiseanna oideachais agus tógáil ar chomhphárteachas poiblí agus pobail a bhí tréimhse oifige Michael bunaithe, agus tháinig ardú ar phróifíl na hoidhreachta i dtuiscint an phobail faoina cheannaireacht.

Chuir sé go mór leis an gComhairle Oidhreachta agus leis an earnáil oidhreachta níos leithne, agus tá gach duine a raibh sé de phléisiúr acu oibriú leis mar chomhaltaí boird, comhghleacaithe ar an bhfoireann feidhmiúcháin, comhghleacaithe sa roinn agus dóibh siúd san earnáil oidhreachta níos leithne fíorbhuíoch de.

Gabhaimid buíochas le Michael as a thiomantas don Chomhairle Oidhreachta agus don oidhrecht, go n-éirí a shaothar leis.

A woman with short blonde hair, wearing a purple t-shirt and dark trousers, is seated on a wooden chair, smiling as she weaves a large, round, dark brown wicker basket. She is using a long, thin wooden tool to manipulate the reeds. In the foreground, a large, finished, light-colored wicker basket sits on the floor, surrounded by a large pile of raw reeds. To the right, a wooden table holds various tools, including a red-handled saw and a metal mug containing more tools. In the background, a wooden cabinet with a brown suitcase on top is visible, along with a doorway and a framed picture on the wall.

Faoin gComhairle Oidhreachta

Cé muid

Is comhlacht poiblí í an Chomhairle Oidhreachta a bhfuil sé mar ról aici polasaithe a mholadh chun ár n-oidhreacht náisiúnta a aithint, a chosaint, a chaomhnú agus a fheabhsú.



Cuimsíonn oidhreacht na nithe seo a leanas, chomh fada is a bhaineann sí lenár gcuid oibre:

- séadchomharthaí
- réada seandálaíochta
- réada oidhreachta amhair saothair thionsclaíochta agus ealaíne
- doiciméid agus taifid ghinealaigh
- oidhreacht ailtireachta
- flóra
- fána
- gnáthóga fiadhúlra
- tírdhreacha
- muirdhreacha
- báid bhriste
- geolaíocht
- gairdíní oidhreachta
- páirceanna
- uiscebhealaí intíre

Oibrímid i gcomhpháirtíocht le pobail áitiúla, údaráis áitiúla, grúpaí deonacha, ranna rialtais agus institiúidí cultúrtha náisiúnta chun tacú le tionscadail a mbeidh tionchar sóisialta agus eacnamaíoch dearfach agus marthanach acu.



Cad a Dhéanaimid



Molaimid beartas don Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta ar shaincheisteanna oidhreachta lena n-áirítear inbhuanaitheacht, bainistíocht tírdhreacha, athrú aeráide agus go leor eile



Déanaimid suim san oidhreacht a chothú i scoileanna agus tacú le raon leathan clár forbartha gairmiúla a dhéileálann le tírdhreach, pleanáil, músaeim, scileanna traidisiúnta agus go leor eile



Ardaímid feasacht ar oidhreacht tríd an tSeachtain Oidhreachta Náisiúnta agus trínár gcuid oibre le comhpháirtithe, go háirithe ag leibhéal na n-údarás áitiúil



Oibrímid le pobail áitiúla chun tacú le poist, oideachas agus turasóireacht oidhreachta inár gceantair áitiúla



Tacaímid le líonra gairmithe oidhreachta ardoilte amhail caomhnóirí, tuíodóirí, tógálaithe, éiceolaithe, agus daoine eile, agus déanaimid an líonra seo a chothabháil



Déanaimid bunmhaoiniú a sholáthar do roinnt comhlachtaí chun tacú le riachtanais na hearnála agus chun cabhrú le comhaidhmeanna a bhaint amach

Ár mBord





Martina Moloney

Iar-Phríomhfheidhmeannach, comhairlí contae Lú agus na Gaillimhe, comhalta den Chomhairle Ealaíon (2016 – 2021), comhalta den Choimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta don Rialtas Áitiúil (2014 – 2021), Comhalta Bhord na Comhairle Oidhreachta (2005 - 2010)



Fionnuala May (*Ceaptha lúil 2016, athcheaptha i mí na Samhna 2020*)
Ailtire Contae Chomhairle Contae Fhine Gall (2011 -), comhalta de chomhairle Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann (RIAI) (2016 -), comhalta de Bhord Chartlann Ailtireachta na hÉireann (2019 -), comhalta de Bhuanchoiste na Comhairle Oidhreachta ar Ailtireacht (2000 - 2010)



Michael Farrell

Príomhfheidhmeannach ag Clinical Research Ireland (2020 –), Príomhfheidhmeannach eatramhach ar Choláiste Ríoga na Lianna (2018 – 2019), Iar-rúnaí corparáideach agus Stiúrthóir Acmhainní Daonna ag UCC



Sammy Leslie

Coimeádaí, Eastát Chaisleán Leslie (1991 –), iontaobhaí ar Castle Leslie Preservation Trust (2005 –), iontaobhaí Chaisleán Bhiorra (1990idí –), iontaobhaí ag Ionntaobhas Oidhreachta na hÉireann (2006 –)



John Patrick Greene

Príomhfheidhmeannach agus Stiúrthóir Músaem EPIC, Músaem Eisimirce na hÉireann (2019 –), Comhairleoir/Úinéir Greene Associates (2017 – 2019), Príomhfheidhmeannach Museums Victoria in Melbourne (2002 – 2017)



Deirdre McDermott

Ailtire, pleanálaí, uirbí agus ceann feadhna ag Deirdre McDermott and Associates (2002 –), Iar-Uachtarán na Comhairle Idirnáisiúnta um Shéadchomharthaí agus Shuíomhanna (ICOMOS) Éire agus Oifigeach Comhairleach reatha ar Choiste ICOMOS



An Dr Patricia O'Hare

Oifigeach Taighde agus Oideachais d'lontaobhaithe Theach Mhucrois, Cill Áirne (1995 –), Measúnóir an Chláir um Chaighdeán Músaem in Éirinn de chuid na Comhairle Oidhreachta (2016 –)



Sheila Pratschke

Cathaoirleach na Comhairle Ealaíon (2014 – 2019), Stiúrthóir ar Centre Culturel Irlandais, Páras (2007 – 2013), Stiúrthóir Ionad Tyrone Guthrie, Eanach Mhic Dheirg, (2001 – 2006)



John Pierce

Stiúrthóir, Comhairle Caomhnaithe Phortaigh na hÉireann (2021 –), Iontaobhaí le hlontaobhas Carthanúil na hOtharlainne Carthanúla (2018 – i láthair), Cathaoirleach An Taisce (2017 – 2019), Stiúrthóir Global Marketing Group Fujitsu (2016 – 2017)



An Dr Mary Tubridy

Stiúrthóir agus Ceannaire Taighde le Fóram Ardtailte na hÉireann (2008 –), Cathaoirleach Fhóram Ardtailte na hÉireann (2003 - 2008), Ceann Feadhna Mary Tubridy and Associates (1995 - i láthair), Taighdeoir iardhochtúireachta UCD (1980-1882) agus TCD (1982-1995)

Ár bhFoireann



Ó chlé go deas: Aalia Kamal, Amanda Ryan, Martina Malone, Maria Dempsey, Valerie Kelly, Ger Croake, Maria Walsh, Anne Barcoe, Michael O'Brien, Virginia Teehan, Lesley-Ann Hayden, Paula Drohan, Christena Ryan, Lorcan Scott

Ar iarraidh: Alison Harvey, Colm Murray, Ian Doyle, Beatrice Kelly, Anna Meenan, Cathy Connelly

VIRGINIA TEEHAN

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

CINN SEIRBHÍSE

IAN DOYLE

Ceann an Chaomhnaithe

BEATRICE KELLY

Ceann Beartais agus
Taighde

MICHAEL O'BRIEN

Ceann Seirbhísí Gnó

MARK O'REGAN

Ceann Oideachais agus
Cumarsáide

PAULA DROHAN

Ceann an Airgeadais

OIFIGIGH GHAIRMIÚLA

ALISON HARVEY

Oifigeach Pleanála

COLM MURRAY

Oifigeach Ailtireachta

ANNA MEENAN

Bainisteoir Tionscadail na Scéime
Deontais GLAS

LORCAN SCOTT

Oifigeach Fiadhúla

MARIA WALSH

Bainisteoir Tionscadail um Oidhreacht
sna Scoileanna

LESLEY-ANN HAYDEN

Bainisteoir Cláir do Chlár um
Chaighdeán Músaem in Éirinn

AALIA KAMAL

Oifigeach na hOidhreachta Cultúrtha
agus Cuimsithí

VALERIE KELLY

Oifigeach Caidreamh Pobail agus
Poiblí

CATHY CONNELLY

Oifigeach Seirbhísí Corparáideacha

FOIREANN RIARACHÁIN

ANNE BARCOE

Cúntóir Pearsanta don
Phríomhfheidhmeannach
agus don Chathaoirleach

AMANDA RYAN

Riarthóir Deontas

MARTINA MALONE

Oifigeach Feidhmiúcháin
Cumarsáide

MARIA DEMPSEY

Oifigeach Feidhmiúcháin,
Aonad Airgeadais

GERARD CROKE

Riarthóir

CHRISTENA RYAN

Riarthóir

SEIRBHÍSÍ COMHAIRLIÚCHÁIN

COMPASS INFORMATICS

Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta

DHR COMMUNICATIONS

Bainisteoir Tionscadail, an tSeachtain
Oidhreachta Náisiúnta

ABARTA HERITAGE

Bainisteoir Tionscadail Líonra na mBailte
Éireannacha a bhfuil Balla thart timpeall
Orthu

PAT REID

Bainisteoir Tionscadail Heritagemaps.ie

Ceapacháin Nua in 2021



Ceapadh **Valerie Kelly** mar Oifigeach Caidreamh Pobail agus Poiblí don Chomhairle Oidhreachta i mí Mheán Fómhair chun comhordú a dhéanamh ar líonra na n-oifigeach oidhreachta agus ar Chlár Oilíúna agus Forbartha Oidhreachta.



I mí Mheán Fómhair, ceapadh **Maria Walsh** mar Bhainisteoir Cláir don chlár 'Oidhrecht sna Scoileanna' de chuid na Comhairle Oidhreachta. Bhí Maria fostaithe cheana faoi chonradh chun an clár a chomhordú.



I mí Mheán Fómhair, ceapadh **Lesley-Ann Hayden** mar Bhainisteoir Cláir do Chlár um Chaighdeáin Músaem in Éirinn na Comhairle Oidhreachta.. Bhí Lesley-Ann fostaithe faoi chonradh ó 2005 chun an clár a chomhordú.



Ceapadh **Maria Dempsey** mar Oifigeach Feidhmiúcháin d'aonad airgeadais na Comhairle Oidhreachta i mí Mheán Fómhair.



Ceapadh **Cathy Connelly** mar Oifigeach Seirbhísí Corparáideacha na Comhairle Oidhreachta i mí Mheán Fómhair.



I mí Mheán Fómhair, ceapadh **Aalia Kamal** mar Oifigeach na hOidhreachta Cultúrtha agus Cuimsithí don Chomhairle Oidhreachta.



Ceapadh **Martina Malone** mar Oifigeach Feidhmiúcháin Cumarsáide na Comhairle Oidhreachta i mí Mheán Fómhair.



Cláir Straitéiseacha

Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta

Bunaithe i 2006, is clár de chuid an Chomhairle Oidhreachta é an tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta a bhailíonn agus a bhainistíonn sonraí ar bhithéagsúlacht na hÉireann chun ár n-acmhainn fiadhúlra a dhoiciméadú agus chun rianú a dhéanamh ar an athrú atá ag teacht uirthi.

Buiséad 2021: €1.246m. Méadú ó €1m i 2020.

Dul chun cinn: Ag deireadh 2021, foilsíodh 4.5 milliún taifead ó 167 tacar sonraí éagsúla, ag soláthar sonraí tarluithe ar 16,911 speiceas éagsúil.

Buaicphointí 2021: In 2021, seoladh Plean nua Uile-Éireann um Pailneoirí nua ó 2021 go 2025. Mar chuid den phlean, tá os cionn 60 comhpháirtí ag teacht le chéile chun 186 gníomh a sheachadadh faoi dheireadh 2025. Ag deireadh 2021, bhí 81% de na gníomhaíochtaí ar bun cheana féin.



4.5m

Taifead foilsithe



16,911

Sonraí de speiceas éagsúil



60

Comhpháirtí tagtha le chéile sa phlean pailneoirí

Líonra na nOifigeach Oidhreachta


Príomh-chomhpháirtíocht straitéiseach idir an Chomhairle Oidhreachta agus údaráis áitiúla is ea Clár na nOifigeach Oidhreachta. Bunaíodh é in 1999 chun leibhéil saineolais oidhreachta a ardú laistigh d'údaráis áitiúla.

Buiséad 2021: €626,657. Méadú ó €581,345 i 2020.

Dul chun cinn: Tar éis d'oifigigh oidhreachta a bheith ceaptha in 2021 i gcomhairlí contae Loch Garman (Catherine McLoughlin) agus Cheatharlach (An Dr Eoin Sullivan), is é seo an chéad uair atá oifigeach oidhreachta ag gach ceann de na 31 údarás áitiúil in Éirinn.

Buaicphointí 2021: I dtuarascáil meastóireachta a foilsíodh i mbliana, tarraingítear aird ar an tábhacht a bhaineann leis an líonra agus moltar bealaí inar féidir rath leanúnach an líonra a rathú. (Féach grianghraf ar an leathanach seo a leanas). Tá tuilleadh faisnéise ar fáil [anseo](#).

Tá forbheathnú iomlán ar bhuaicphointí 2021 ó gach oifigeach oidhreachta údaráis áitiúil ar fáil san aguisín ar leathanach 53.



Líonra na nOifigeach Oidhreachta

Carlow (new)	Leitrim
Cavan	Limerick
Cork City	Longford
Cork County	Louth
Clare	Mayo
Donegal	Meath
Dublin City	Monaghan
Dun Laoghaire/Rathdown	Offaly
Fingal	Roscommon
Galway City	Sligo
Galway County	South Dublin County
Kerry	Tipperary
Kildare	Waterford
Kilkenny	Westmeath
Laois	Wexford (new)
	Wicklow

Scóip oibre na nOifigeach Oidhreachta:



Comhairle agus eolas



Daoine a chur ar an eolas



Sonraí a bhailiú agus taighde a dhéanamh



Eolas a dhéanamh do na polasaithe, áitiúil agus náisiúnta



Dea-chleachtas a chur chun cinn




Ag seoladh na tuarascála maidir le Measúnú ar Chlár Oifigeach Oidhreachta na nÚdarás Áitiúil i Samhain 2021 tá (sa ghrianghraf ó chlé go deas): Charles Duggan (Líonra Oifigeach Oidhreachta na Údarás Áitiúil agus Oifigeach Oidhreachta, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath) Virginia Teehan (Príomhfheidhmeannach, an Chomhairle Oidhreachta), Malcolm Noonan TD (an tAire Stáit um an Oidhreachta agus Athchóiriú Toghchánach), Pat Gallagher (Comhlachas um Bainistíocht Contae agus Cathrach agus Príomhfheidhmeannach, Comhairle Contae na hIarmhí) agus Martina Moloney (Cathaoirleach, an Chomhairle Oidhreachta).

An tSeachtain Náisiúnta na hOidhreachta

Is clár bliantúil imeachtaí í an tSeachtain Náisiúnta na hOidhreachta (SNO), a reáchtáilann an Chomhairle Oidhreachta. Déanann SNO ceiliúradh ar oidhreacht nádúrtha, thógtha agus chultúrtha na hÉireann.

Tionscadail Seachtain Náisiúnta na hOidhreachta, Contae ar Contae




Buiséad 2021: €432,591. Méadú ó €369,517 i 2020.

Dul chun cinn: A bhfuil leis an mbéim mhór a cuireadh ar ionchuimsitheacht in 2021, cinntíodh go bhfuair grúpaí agus daoine aonair nua blaiseadh d'iontais na Seachtaine Oidhreachta Náisiúnta i mbliana. Dhírigh eagraithe imeachta ar ról ina n-imeacht féin a thabhairt do núiosaigh oidhreachta agus do dhaoine ó aoisghrúpaí difriúla agus rinne siad iarracht ar leith ceangal leo sin a bhféadfadh nár bhraith siad a bheith cuimsithe in oidhreacht áitiúil. (Féach grianghraf ar an leathanach seo a leanas)

Buaicphointí 2021: Cuireadh breis agus 1,050 ceann san iomlán de thionscadail agus d'imeachtaí ar siúl ar fud na tíre, agus iad á bhforbairt ag breis agus 863 ceann de ghrúpaí, de theaghlach agus de phobail.

Tionscadail Seachtain Náisiúnta na hOidhreachta, dírithe ar earnáil



- Oidhreacht thógtha
- Oidhreacht nádúrtha
- Oidhreacht chultúrtha



Thuas agus ar dheis: Spreagadh ionchuimsitheacht agus cuireadh béim ar iarracht a dhéanamh cuireadh a thabhairt do dhaoine ó aoisghrúpaí difriúla mar chuid de na téamaí i mbliana.



Thíos: An tAire um Oidhreacht agus Athchóiriú Toghchánach Malcolm Noonan TD ag seoladh Seachtain Náisiúnta na hOidhreachta 2021.



Oidhreacht sna Scoileanna

Tionscnamh is ea Oidhreacht sna Scoileanna a éascaíonn cuairteanna speisialtóirí a bhfuil saineolas acu ar oidhreacht nádúrtha, thógtha agus chultúrtha na hÉireann ar bhunscoileanna.

Buiséad 2021: €420,515. Méadú ó €235,532 i 2020.

Dul chun cinn: I 2021, chuir an scéim clár cumaiscthe ar fáil le meascán de chuairteanna fíorúla agus cuairteanna beo ar fáil do scoileanna.

Buaicphointí 2021:

1,803 cuairt ar 762 scoil

Sroicheadh measta de 34,272 leanbh

129 scoil nua sa scéim le linn na tréimhse seo 150 Speisialtóir



1,803
cuairt



762
scoil



34,272
leanbh




Ar chlé: Daltaí ó Rang 6 i Scoil Náisiúnta Naomh Eoin i gCill Chainnigh agus iad ag foghlaim faoi na Normannaigh agus faoi Chaisleán Chill Chainnigh le Speisialtóir um Oidhreacht i Scoileanna, Francesca O'Callaghan.

An Clár um Chaighdeáin Músaem in Éirinn

Scéim Creidiúnaithe is ea an Clár um Chaighdeáin Músaem in Éirinn d'earnáil músaem na hÉireann. Tá sé mar aidhm aige caighdeáin ghairmiúla a ardú i gcúram na mbailiúchán, i rialachas agus i mbainistíocht músaem, agus i seirbhísí do chuariteoirí.

Ceantair na Rannpháirtithe MSPÍ



Buiséad 2021: €91,802.

Dul chun cinn: I mbliana, chuir dhá mhúsaem iarratas isteach ar dhul isteach sa chlár an athuair agus chuir sé mhúsaem nua spéis in iúl i ndul isteach sa chlár den chéad uair.

Buaicphointí 2021: Buaicphointe fhéilire an Chláir is ea searmanas bliantúil dámhachtainí an Chláir um Chaighdeáin Músaem in Éirinn, áit a dtagann rannpháirtithe sa chlár le chéile chun a rath comhchoiteann a cheiliúradh. Cuireadh an searmanas ar siúl ar líne i mbliana. Fuair ceithre mhúsaem creidiúnú iomlán i mbliana agus d'éirigh le sé cinn eile a gcreidiúnú a chothabháil. (Féach grianghraf ar an leathanach seo a leanas)



45


Músaem a fuair creidiúnú iomlán faoi 2021



127

Teastais bronnta ó sheoladh an chláir i 2006

Rannpháirtithe agus Láithreacha MSPI




Thuas: Músaem chreidiúnaithe in 2021 ag searmanas ar líne.

Líonra Bhailte Múrtha na hÉireann

Bunaithe ag an gComhairle Oidhreachta in 2005, is é ról Líonra Bhailte Múrtha na hÉireann (IWTN) ná iarrachtaí na n-údarás áitiúil a bhfuil baint acu le bainistiú, caomhnú agus feabhsú na mbailte múrtha stairiúla in Éirinn, ó thuaidh agus ó dheas, a aontú agus a chomhordú.

Tá 29 ball sa líonra seo



Buiséad 2021: €504,723.

Dul chun cinn: I mbliana, bhronn an Chomhairle Oidhreachta €302,801 san iomlán ar thionscadail IWTN, lena n-áirítear naoi dtionscadal caomhnaithe agus 15 thionscadal léirmhínte.

Tugadh maoiniú deontais arbh fhiú €8m é do bhailte ba bhaill de IWTN idir 2007 agus 2021.


Buaicphointí 2021: Reáchtáladh tionscadal caomhnaithe agus tionscadal léirmhínte i mBaile Átha an Rí, Eochail, Ceannanas, Baile Átha Troim, Cill Chainnigh, Baile Átha Luain agus Luimneach.



Thuas: Ceann de na buaicphointí in 2021 – soilsíú ar mhúrtha Ceannanais le linn Seachtain Náisiúnta na hOidhreachta.



€302,801
iomlán ar thionscadail



Tugadh maoiniú deontais arbh fhiú
€8m
é do bhailte ba bhaill de IWTN idir
2007 agus 2021

An Clár Oiliúna Comhoibritheach um Scrúdú Sláinte Láir Bailte (CTCHC)

Cruthaithe ag an gComhairle Oidhreachta agus a comhpháirtithe in 2016, tá sé mar aidhm ag an gClár Oiliúna Comhoibritheach um Scrúdú Sláinte Láir Bailte cur chuige láidir a bhunú chun ‘scrúduithe sláinte’ a dhéanamh i mbailte stairiúla na hÉireann.

Buiséad 2021: €121,230.

Dul chun cinn: Bhí 15 bhaile mar chuid den chlár ag deireadh na bliana, le 45 baile eile ar liosta feithimh.

Buaicphointí 2021: Roghnaíodh é mar cheann de chúig chás-staidéar dea-chleachtais san Eoraip ag Clár EPSON Heriwell, atá maoinithe ag an AE. Cuireann an clár seo an oidhrecht chultúrtha agus athnuachan oidhrecht-bhunaithe chun cinn mar fhoinse leasa na sochaí.

An Clár Oiliúna Comhoibritheach um Scrúdú Sláinte Láir Bailte An próiseas 15-chéim de chuid an CTCHC



Léarscáileanna Oidhreachta

Is saoráid ar líne é tionscadal na Léarscáileanna Oidhreachta, arna chomhordú ag an gComhairle Oidhreachta, a ligeann d'úsáideoirí breathnú ar raon leathan tacair sonraí oidhreachta tógtha agus nádúrtha i bhfoirm léarscáileanna.

Is féidir é a úsáid chun léarscáileanna saincheaptha a chruthú inar féidir le duine áiteanna spéise ar leith a aithint (crosa arda na hÉireann, uaigheanna stairiúla, láithreáin UNESCO, cloighúir srl.) agus staidéar a dhéanamh ar fhlóra áitiúil agus fána,

Is féidir leat teacht ar léarscáileanna oidhreachta [anseo](#).

Buiséad 2021: €75,710. Méadú ó €63,373 i 2020.

Progress: Lean an t-ardán ag forbairt in 2021 agus tugadh isteach roinnt gnéithe nua dó i mbliana lena n-áirítear caisleáin oidhreachta Chorcaí agus toibreacha beannaithe Mhuineacháin chomh maith le obair ar léarscáil ar ghréasán iarnróid iomlán na hÉireann de réir mar a d'fhás sé óna bhunús.

Buaicphointí 2021: Cruthaíodh sraith póstaer bunaithe ar Léarscáileanna Oidhreachta i 2021, a thaispeáin roinnt buaicphointí a bhaineann leis an oidhrecht thógtha, chultúrtha agus nádúrtha.



Ar chlé: Sraith póstaer le Léarscáileanna Oidhreachta - Oidhrecht Thógtha.

Scéim um Shéadchomhartha a Uchtú

Cuireann an Scéim um Shéadchomhartha a Uchtú saineolas, meantóireacht agus tacaíocht ar fáil chun pobail a spreagadh chun séadchomhartha a 'Uchtú' ina gceantar chun cothabháil leanúnach agus cosaint níos fearr a chinntiú trí luach sibhialta méadaithe.



Ar dheis: Saor cloiche Tom Pollard agus an píosa oghaim ina lámh aige a fuair sé agus obair chaomhnaithe á déanamh aige ar eaglais pharóiste na meánaoise de cuid Glac le Séadchomhartha mar Chúram ag an gCnoc Buí, Co. Phort Láirge.

Buiséad 2021: €50,424.

Dul chun cinn: I mí Mheán Fómhair 2021, d'fhógair an Chomhairle Oidhreachta gairm nua ar iarratais ar an scéim, agus fuair sí freagra iontach le thart ar 40 iarratas ó áiteanna ar fud na hÉireann.

Buaicphointí 2021: In Earrach 2021, iarradh ar rannpháirtithe na Scéime um Shéadchomhartha a Uchtú suirbhé a chomhlíonadh a bhain lena dtaithí leis an scéim. D'aontaigh 100% de na freagróirí gur chabhraigh an Scéim um Shéadchomhartha a Uchtú lena bpobal áitiúil.

“Is deis iontach é an Scéim um Shéadchomhartha a Uchtú **d'aon ghrúpa atá ag tabhairt faoi thionscadal caomhantais**”

Baile Slachtmhar Chill Mhuire

D'aontaigh 100% de na grúpaí gur chabhraigh an Scéim um Shéadchomhartha a Uchtú lena bpobal áitiúil



A tall, narrow, weathered stone stands prominently in a grassy field. The stone is dark and textured, with some lighter patches. The background features rolling hills under a blue sky with scattered white clouds. The foreground is filled with lush green grass.

Infheistíochtaí Straitéiseacha

An Clár Fionnachtana

Is é misean an Chláir Fionnachtana ná stair na hÉireann agus a hoidhreacht chultúrtha a iniúchadh trí ardaighde a dhéanamh ar sheandálaíocht na hÉireann agus ar dhisciplíní gaolmhara, agus torthaí an taighde seo a scaipeadh go forleathan.

Thíos: Seandálaithe ag obair ar thochoilt leis an gClár Fionnachtana ag Dún Ceann Tíre agus Caisleán Phiarais, Co. Chiarraí.

Buiséad 2021: €740,000

Dul chun cinn: Seoladh an taispeántas 'Tionscadal CHERISH: Athrú Aeráide agus Oidhreacht Cósta' le linn na Seachtaine Oidhreachta Náisiúnta i mbliana. Tarraingítear aird sa tionscadal ar thionchar an athraithe aeráide ar oidhreacht chultúrtha cósta.

Buaicphointí 2021: Nochtadh i dtchoilt ag Dún Ceann Tíre agus Caisleán Phiarais, Co. Chiarraí, faisnéis luachmhar faoi thionchair an athraithe aeráide ar an láithreán. Aimsíodh cnámha agus fiacla ainmhithe le linn tochoilt ar an láithreán freisin. A luaithe a phróiseálfar na torthaí, gheofar freagraí ar roinnt ceisteanna tábhachtacha faoi cén uair a áitíodh an ceann tíre agus cén fáth ar áitíodh é. Foilseofar na sonraí ar líne nuair a bheidh siad réidh.



An Ciste Acmhainne Oidhreachta

Tá sé mar aidhm ag an gCiste Acmhainne Oidhreachta cur le hacmhainn eagraíochtaí neamhrialtasacha a bhfuil ábharthacht náisiúnta léirithe acu atá ag obair san earnáil oidhreachta trí mhaoiniú a sholáthar i dtreo a gcroíchostas.



Thuas: Oibríthe Deonacha Caomhnaithe Bhoirne agus FMA (Comhairleoir um Shéadchomharthaí Allamuigh) ag Teampall Chrónáin.

Buiséad 2021: €645,735. Méadú ó €233,489 i 2020.

Dul chun cinn: I measc na n-eagraíochtaí a fuair maoiniú ón gComhairle Oidhreachta faoin scéim seo in 2021 bhí Grúpa Tionscadal an Oileáin Mhóir, Fóram Ardtailte na hÉireann agus Iontaobhas Burrenbeo.

Buaicphointí 2021: Áiríodh leis na tionscadail de chuid Ghrúpa Tionscadal an Oileáin Mhóir ar mhaoinigh an Chomhairle Oidhreachta iad bataire a úsáideadh le linn an Chéad Chogaidh Dhomhanda a fhorbairt ina ní is díol spéise do chuirteoirí. Bhain Iontaobhas Burrenbeo úsáid as cuid den mhaoiniú a fuair sé ón gComhairle Oidhreachta chun clár Comhairleora Séadchomharthaí Allamuigh an Chláir a chur ar aghaidh, ar faoin bhun a chabhraítear le feirmeoirí na séadchomharthaí seandálaíochta atá suite ar a dtalamh a chosaint.

Thíos: Amharc ón aer d'Oileán Mhóir, áit ar déanadh forbairt ar bhataire gunna le turasóirí a mhealladh.



Irish Landmark Trust

Is eagraíocht neamhbhrabúis é Irish Landmark Trust a aimsíonn réadmhaoine suimiúla agus neamhghnácha a dteastaíonn caomhnú uathu, agus cuireann sé beocht sna réadmhaoine seo. Ó 1992 i leith, tá an Irish Landmark Trust ag déanamh lóistín saoire féinfhrestail speisialta d'fhoirgnimh stairiúla.



Ar chlé: Teach Solais Cheann Chill Mhantáin.

Thíos: Teachín Goggin – Luimneach.

Buiséad 2021: €296,753. Méadú ó €266,000 i 2020.

Dul chun cinn: Ní dhearnadh oibreacha substaintiúla ar Theach Solais Cheann Chill Mhantáin, Dún Borr, Co. Chill Mhantáin le 25 bliain anuas, ach tháinig athrú air sin in 2021 nuair a chuir an Chomhairle Oidhreachta maoiniú de €12,000 ar fáil faoin Scéim Deontais Oidhreachta Pobail. Chuir an maoiniú seo ar chumas Irish Landmark Trust tuarascáil a chur le chéile a chuidigh le clár oibreacha a phleanáil a chinnteoidh go mairfidh an teach solais go ceann 25 bliain agus ina dhiaidh sin.

Buaicphointí 2021: I mbliana, thacaigh an Chomhairle Oidhreachta le tús a chur le hobair arís ar Theachín Goggin, Co. Luimnigh mar chuid den phlean caomhnaithe chun an teachín a úsáid arís. Teachín ceann tuí ón 19ú haois is ea Teachín Goggin agus is beag athrú a rinneadh air ó tógadh é. Bhain an obair le glanadh an láithreáin, suiteáil aonad cóireála fuíolluisce nua agus draenáil ghinearálta an láithreáin. Rinneadh deisiúcháin freisin ar an díon tuí le crainn agus fásra ag fás os cionn an tuí bainte agus athnuadh an chíor mhullaigh tuí.



Clár Intéirneachta Caomhnaithe

Cuireann an Clár Intéirneachta Caomhnaithe tacaíocht ar fáil d'institiúidí cultúrtha náisiúnta chun cur ar a gcumas socrúcháin intéirneachta a thairiscint do choimeádaithe a bhfuil céim acu. Cuirtear intéirneachtaí caomhnaithe, idir 9-12 mhí ar fad, ar fáil do chéimithe a bhfuil speisialtóireacht acu i bpéintéireacht agus caomhnú páipéir.



Thuas: Intéirneach ag obair i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann in 2021 – ag cur fásála ar phóstaer sobhriste le baint an taca a éascú.

Buiséad 2021: €21,997

Dul chun cinn: Mar gheall ar an aiseolas rídhearfach a fuarthas ó na hintéirneigh agus ó na hinstiúidí araon, lean an Chomhairle Oidhreachta leis an gcáil idirnáisiúnta ar shármhaitheas an chláir mór le rá a chothú in 2021.

Buaicphointí 2021: In 2021 bhí an Chomhairle Oidhreachta in ann tacaíocht a thabhairt do Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann, do Leabharlann Náisiúnta na hÉireann agus do Leabharlann Chester Beatty.



Thuas: An póstaer agus é críochnaithe.



Scéim Deontais

Scéim Deontais d'Oidhreacht Phobail 2021

Tá sé mar aidhm ag an scéim seo tacú le tionscadail chaipitil a fheabhsaíonn rochtain agus cuimsiú ó thaobh láithreacha oidhreachta de; a chuireann dea-chleachtas oidhreachta i bhfeidhm maidir le bainistiú áiteanna, bailiúchán, nó rudaí (foirgnimh san áireamh). Tacaíonn an scéim seo le trealamh riachtanach a cheannach freisin.



Buiséad 2021: €1,538,690. Méadú ó €430,000 i 2020.

Dul chun cinn: Tháinig méadú faoi thrí, beagnach, ar luach an mhaoiniúcháin a tugadh do dheontaithe faoin scéim, agus é ag méadú ó €538,968 in 2020 go €1,538,690 i mbliana. Mhéadaigh an líon tionscadal a cuireadh i gcrích ó 68 ceann go 197 ceann.

Buaicphointí 2021: Fuair Institiúid Scannán na hÉireann (IFI) €11,400 i gcomhair athchóiriú scannáin thábhachtaigh de chuid na bliana 1969, is é sin, 'Ciall Cheannaigh'. Baineann 'Ciall Cheannaigh' leis an áit ba ghalánta dá raibh ann in Éirinn sna blianta i rith bhlianta deiridh na 1960-idí - Ionad Siopadóireachta Chúirt Choirnéil.

Is féidir leat breathnú ar leagan den scannán [anseo](#).



Thuas: Rinne an IFI an scannán 1969 *Ciall Cheannaigh* a athchóiriú le tacaíocht ón gComhairle Oidhreachta.

Tionscnamh na mBailte Stairiúla

Is comhthogra é Tionscnamh na mBailte Stairiúla idir an Chomhairle Oidhreachta agus an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta a bhfuil sé mar aidhm aige athnuachan oidhrecht-bhunaithe bhailte stairiúla na hÉireann a chur chun cinn. Tá an clár ar siúl ó 2018 i leith.

Buiséad 2021: €1.5m. Méadú ó €1.1m i 2020.

Dul chun cinn: Seachadadh tionscadail athnuachana oidhrecht-bhunaithe ar éirigh leo i naoi mbaile ar fud na hÉireann. Bronnadh €1.5m i maoiniú caipitil tar éis próiseas iomaíoch a thug cuireadh d'údaráis áitiúla tionscadail a mholadh le haghaidh athnuachan oidhrecht-bhunaithe i mbaile stairiúil amháin ina gceantar.

2018-2021 Tugadh cúnamh deontais do 18 mbaile chun tabhairt faoi thionscadail athnuachana oidhrecht-bhunaithe.

Buaicphointí 2021: Reáchtáladh tionscadail rathúla i gCill Chainnigh, an Mhí, Loch Garman, Port Láirge, Maigh Eo, Dún na nGall, Ciarraí, Ros Comáin, Uíbh Fhailí agus Sligeach.

Thíos: Oibreacha caomhnaithe ar siúl ag mainéar i mBéal Átha Seanaidh, Dún na nGall, ag Tionscnamh na mBailte Stairiúla 2021.



GLAS - An Scéim Deontais um Fhoirgnimh Feirme Thraidisiúnta

Cosnaíonn an Scéim Deontais um Fhoirgnimh Feirme Thraidisiúnta GLAS (GLAS = An Scéim Ghlas ar Bheagán Carbóin do Chomhshaol na Talmhaíochta) na gnáth-foirgnimh a úsáidtear sa talmhaíocht. Tá an scéim á treorú ag an bhfealsúnacht go gcuireann na foirgnimh seo agus gnéithe eile den fheirm luach le tírdhreach na hÉireann.

Ní hamháin go ndíríonn iarrachtaí ar choinneáil, deisiú agus athúsáid na n-ábhar atá ann cheana féin ar a luach oidhreachta, ach díríonn siad freisin ar mharthanacht go leor ábhar tógála stairiúil.



Thuas: Fionnachtain iontach i Maigh Eo, páipéir ón gCogadh Cathartha (Grianghráf le cur síos do Mayo News).

Buiséad 2021: €1.25m

Dul chun cinn: Tar éis suirbhéanna fiadhúlra in 2021, thángthas ar neadacha/faraí 119 speiceas faoi chosaint lena n-áirítear an chéad taifead ar fhara ialtóg ghiobach i gcontaetha na Mí agus Lú. Thángthas ar an bhfara seo i ngráinseach ón 18ú haois.

Tacaíodh le 75 deontaí chun 84 foirgneamh agus ocht struchtúr ghaolmhara eile a chaomhnú lena n-áirítear roinnt gairdíní agus úllord le ballaí.

2021 highlights: Fuarthas roinnt torthaí dochreidte in 2021 i dtionscadal áirithe amháin i gCo. Mhaigh Eo, tionscadal a rinneadh faoin scéim. Le linn oibreacha caomhantais ar dhá foirgneamh, thángthas ar litreacha agus páipéir 100 bliain d'aois a rinne tagairt do Chogadh na Saoirse agus don Chogadh Cathartha. Bhí siad i bpróca suibhe a bhí i bhfolach taobh thiar de chloch ar an taobh istigh den bhalla binne. Tugadh na litreacha go dtí músaem Michael Davitt sa tSráid chun damáiste a chosc, agus tá siad anois ag cabhrú le húnéirí an fhoirgnimh iad a léamh. Bhí an tionscadal seo le feiceáil ar *Ear to the Ground* ar RTÉ agus táthar ag súil go mbeidh na páipéir mar chuid de thaispeántas i Músaem Michael Davitt in 2022.



119
speiceas faoi
chosaint



84
foirgneamh



€1.25m
leithdháilte

A photograph of two young girls with long blonde hair and bangs. The girl on the left is smiling and holding a large set of xylophone bars. The girl on the right is also smiling and holding a banjo. She is wearing a dark blue t-shirt with a Disney logo and a yellow circular badge with the letters 'itma' and a stylized 'A'. The background is a dark, textured wall.

Oideachas agus Rannpháirtíocht Phoiblí

Duais Oidhreachta na mBailte Slachtmhara

Gach bliain déanann an Chomhairle Oidhreachta urraíocht ar Ghradam Oidhreachta na mBailte Slachtmhara mar chuid de chomórtas bliantúil na mBailte Slachtmhara. Cuireann an dámhachtain chun cinn feacht níos fearr ar luach na hoidhreachta maidir le comhtháthú sóisialta, folláine agus forbairt

eacnamaíoch inbhuanaithe.

In 2021, bronnadh an gradam ar an gcosán portaigh i gCill Taobháin, Co. Ros Comáin. Is cosán lúbtha portaigh é seo inar féidir an tábhacht a bhaineann le caomhnú na hoidhreachta nádúrtha agus cur chun cinn na bithéagsúlachta a fheiceáil.



Ar chlé: An cosán portaigh i gCill Taobháin, Co. Ros Comáin, buaiteoirí Duais Oidhreachta na mBailte Slachtmhar, urraíocht ón gComhairle Oidhreachta.

Comórtas Lego

Is minic a léirítear ár n-oidhreacht i bpictiúir, dealbha agus grianghrafadóireacht ach ní minic a fheictear i bhfoirm Lego í! Mar fhreagra ar shrianta Covid-19, bhunaigh an Chomhairle Oidhreachta comórtas le féachaint conas a dhéanadh leanaí agus daoine óga ár n-oidhreacht a léirmhíniú ag úsáid Lego.

Ag baint úsáid as 3 aicmiú aoise bhí go leor aighneachtaí thar na trí cholún - oidhreacht thógtha, oidhreacht nádúrtha agus oidhreacht chultúrtha. Ba í an saineolaí Lego Jessica Farrell a mhol gach iontráil.



Thuas: Buaiteoirí an chomórtais le Jessica Farrell.

Seachtain Náisiúnta Bithéagsúlachta

Bhí an tSeachtain Náisiúnta Bithéagsúlachta ar siúl i mí na Bealtaine agus é mar aidhm léi tuiscint agus feasacht a mhéadú ar cheisteanna bithéagsúlachta in Éirinn. Agus í i gcomhpháirtíocht le Líonra Comhshaoil na hÉireann, le Líonra na nOifigeach Oidhreachta agus leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, thacaigh an Chomhairle Oidhreachta le raon leathan imeachtaí faoin téama 2021, 'Táimid mar chuid den réiteach #ForNature'.

Léirigh an téama seo an sprioc chun bogadh chuig roghanna níos inbhuanaithe maidir leis an gcaoi a mbainimid leas as acmhainní nádúrtha an phláinéid.

Buaicphointe suntasach ab ea an scannán a choimisiúnaigh an Chomhairle Oidhreachta, arna léiriú ag Crossing the Line Productions, a léiríonn fána agus flóra saibhir na hÉireann, agus cuid de na gnáthóga a thacaíonn leo.

Is féidir leat féachaint ar an scannán [anseo](#).

Thíos: Físeán an Chomhairle Oidhreachta #ForNature





Éagsúlacht agus Ionchuisitheacht a Chur Chun Cinn

Obair le daoine eile

In 2021, chuir an Chomhairle Oidhreachta tús le sraith cruinnithe le príomhpháirtithe leasmhara maidir le rannpháirtíocht daoine faoi mhíchumas i ngníomhaíochtaí agus i gclár a bhaineann leis an oidhrecht a éascú, ag tosú le cruinniú le Comhairle Náisiúnta na hÉireann do na Daill i mí Dheireadh Fómhair 2021.

Cuireadh tús le fo-ghrúpa inmheánach na Comhairle Oidhreachta, '*Cultural Heritage Access Sub-group*' in 2021 freisin. Tabharfaidh an foghrúpa eolas d'fhorbairt obair na Comhairle Oidhreachta ar inrochtaineacht

Oibriú le Pavee Point agus leis an Lucht Siúil

Bhí sraith cruinnithe ag an gComhairle Oidhreachta le Pavee Point ó Mheán Fómhair 2021 chun tús a chur le hidirphlé ar chomhoibriú chun tacú le hionadaíocht a dhéanamh ar oidhrecht an Lucht Siúil. Tá an tábhacht a bhaineann le hobair straitéiseach, fadtéarmach agus inbhuanaithe a bhaineann le hoidhrecht chultúrtha an Lucht Siúil atá i gcroílár na hoibre seo.

Áireoidh freagrachtaí Oifigeach nuacheaptha na hOidhreachta Cuimsithí na Comhairle Oidhreachta rannpháirtíocht leanúnach leis an Lucht Siúil agus tacú le hoidhrecht chultúrtha an Lucht Siúil.

Ina theannta sin, tá an Chomhairle Oidhreachta ag obair chun creat a bhunú dá rannpháirtíocht náisiúnta leis an Lucht Siúil in 2022. Táthar ag súil go mbeidh straitéis náisiúnta dírithe ar oidhrecht an Lucht Siúil mar thoradh ar an bpróiseas seo.



Ceapachán nua in 2021

I mbliana, bhí lúcháir ar an gComhairle Oidhreachta a fhógairt gur ceapadh Aalia Kamal mar Oifigeach Oidhreachta Cultúrtha agus Cuimsithí. Tabharfaidh a cuid oibre treoir agus eolas don chur chuige a ghlacfaidh an Chomhairle Oidhreachta i leith a chinntiú gur féidir leis an ngrúpa is leithne agus is éagsúla is féidir tairbhe agus taitneamh a bhaint as ár n-oidhrecht.

Tearmann Fiadhúlra: oibriú le daoine atá ag lorg tearmainn

Is tionscadal de chuid na Comhairle Oidhreachta é Tearmann Fiadhúlra atá deartha chun ceardlann bhithéagsúlachta agus malartú cultúrtha a éascú idir daoine atá ag lorg tearmainn agus oibríthe deonacha caomhnaithe pobail.

Eagraíodh an chéad champa ag portach Mhainistir Laoise in 2019, áit ar oibrigh 14 oibrí dheonacha lena n-áirítear daoine atá ag lorg tearmainn le hoibríthe deonacha caomhnaithe Mhainistir Laoise chun an speiceas coimhthíoch ionrach ‘róslabhras (Rhododendron ponticum)’ a bhaint den ghnáthóg phortaigh ardaithe ar phortach Mhainistir Laoise, sular bhain siad sult as béile le chéile tar éis na hoibre crua.

Ghlac rannpháirtithe agus oibríthe deonacha araon go maith leis an gcampa agus tá sé ag dul ó neart go neart ó shin de réir mar a fhásann agus a fhorbraíonn caidreamh idir daoine atá ag lorg tearmainn, oibríthe deonacha agus lucht eagraithe.

I mí na Samhna 2021, d’eagraigh an Chomhairle Oidhreachta cuairt ar Causey Farm agus Portach na Greallaí i gCo. na Mí do chónaitheoirí atá lonnaithe san ionad soláthair dhírigh ag Maigh Muirí i gcomhpháirtíocht leis an ngrúpa Tearmann sa Dúlra agus san Oidhrecht.

Cuireadh turas treoraithe ar Causey Farm ar fáil do dhaoine fásta agus leanaí ón ionad ina raibh scéalta faoin gceantar agus idirghníomhú leis na hainmhithe ar an láthair. Ag Portach na Greallaí, chuaigh na haíonna ar ‘siúlóid agus caint’ le cloisteáil faoi éiceachóras an phortaigh, agus an obair atá ar siúl ag Meitheal Phortach na Greallaí chun an portach a chaomhnú agus a athchóiriú. Bhí béile acu le chéile chun clabhsúr a chur ar an lá.

Faoi láthair, oibríonn an Chomhairle Oidhreachta i gcomhpháirtíocht le Tearmann sa Dúlra agus san Oidhrecht, Iontaobhas Phortach Mhainistir Laoise agus Comhairle Caomhnaithe Phortaigh na hÉireann, le cúnamh ó Sanctuary Runners, chun an tionscadal seo a reáchtáil. Tá comhoibriú amach anseo le Garraithe Náisiúnta na Lus á phleanáil don bhliain 2022.



Thuas agus ar dheis: Imeacht ag an Tearmann Fiadhúlra i gContae na Mí.

Thíos: Turas go Feirm an Chabhsa.



Oidhreacht sna Scoileanna: ag obair le daltaí faoi mhíbhuntáiste

In 2021 bhí cuairteanna (fíorúil agus beo) de chuid Oidhreacht sna Scoileanna saor in aisce, rud a thug deiseanna do scoil nach bhfuil go maith as.

Roimh an bpaindéim, chonaiceamar méadú ar líon na ngrúpaí oideachas baile a bhain leas as an scéim ach mar gheall ar riachtanais theicniúla an chlár fíorúil, níor oir sé don ghrúpa seo. Mar sin d'oibrigh an Chomhairle Oidhreachta le grúpaí i Laois agus sa Longfort tar éis dóibh athoscailt chun cuairteanna beo a éascú sa téarma deiridh de 2021.

Seachadadh an clár fíorúil do Scoil an Iarthair-Láir do na Bodhair i Luimneach i rith na bliana, ag soláthar cuairteanna fíorúla ar mheascán ábhar lena n-áirítear seandálaíocht, scéalaíocht, bithéagsúlacht agus ealaín.

Chomh maith leis an rannpháirtíocht le ranganna speisialta i scoileanna príomhshrutha, ghlac roinnt scoileanna speisialta leis an gclár agus bhain siad leas as cuairteanna fíorúla agus beo saor in aisce i rith na bliana lena n-áirítear:

Scoil an Spioraid Naoimh (Cill Chainnigh)

Scoil Mhuire (An Mhí)

Scoil Mhuire (Corcaigh)

Scoil Bhríde (An Iarmhí)

Scoil Mhuire Fatima (Loch Garman)

Scoil Sheosaimh (Sligeach)

Scoil Speisialta Mharcais (Cill Dara)

Bhí Scoil Speisialta Mharcais ar cheann den 20 scoil a ghlac páirt in BioBlitz de chuid Oidhreacht sna Scoileanna.



Daltaí ó Scoil Speisialta Mharcais le
Úna Halpin.



Coming to your Natural Senses



Ar chlé: D'oibrigh an Chomhairle Oidhreachta le Cairde Éanlaith Éireann, leis an nGrúpa Éireannach maidir le Míolta Móra agus Deilfeanna agus le Caomhnú Ialtóg Éireann chun ranganna a réachtáil in 2021.

In 2019, fuair an Chomhairle Oidhreachta maoiniú ó Éire Ildánach chun clár píolótach de cheardlanna a réachtáil, ceardlanna a dhírigh ar eispéireas níos mó a thabhairt do dhaoine le lagú radhairc agus mar sin feasacht ar an gcomhshaol nádúrtha a thabhairt dóibh. Coming to your Natural Senses a thugtar ar an tionscadal seo.

Ba é pointe tosaigh an tionscadail seo ná go mbeadh eispéireas níos fearr ag daoine le lagú radhairc suntasach ar ár ndomhan nádúrtha dá dtabharfaí bunoilúint dóibh maidir le fuaimeanna na bithéagsúlachta a léirmhíniú ina dtimpeallacht laethúil.

Ar an dara dul síos, measadh go mbeadh rud eile acu le taitneamh a bhaint as agus iad amuigh faoin aer, chomh maith le tuiscint níos fearr a fháil ar éin agus ainmhithe eile a roinneann an domhan seo leo.

In 2021, an dara bliain iomlán den chlár, d'éirigh leis an gComhairle Oidhreachta leas a bhaint as tréimhse nach raibh

dianghlasáil inti chun ceithre rang a réachtáil le heagraíochtaí comhpháirtíochta amhail Cairde Éanlaith Éireann, an Grúpa Éireannach maidir le Míolta Móra agus Deilfeanna, Caomhnú Ialtóg Éireann agus Oifigeach Fiadhúlra na Comhairle Oidhreachta.

Scrúdaigh téamaí sainathint agus éiceolaíocht ghlaonna éan na hÉireann, fuaim i bhfarraigí na hÉireann, ialtóga agus a n-úsáid as macalla, agus úsáid eiseamail tacsaithe de mhamaigh agus éin na hÉireann, a n-éiceolaíocht agus a mbitheolaíocht.

Ba mhór an tairbhe an t-aiseolas a fuarthas ó na rannpháirtithe. Foghlaimíodh go leor ó na scoláirí agus na láithreoirí, le hoiriúnaithe a chuirfidh le heispéireas an chláir.

Bhí tionchar diúltach ag Covid-19 ar an gclár seo. Cloíodh leis na prótacail riachtanacha ar fad agus táimid ag súil le ré níos fearr in 2022 agus ina dhiaidh.

Ár Scéimeanna Deontais – Tacú le hÉagsúlacht agus Ionchuimsitheacht

Tá an Chomhairle Oidhreachta tiomanta i leith méadú a dhéanamh ar an rochtain ar oidhrecht agus i leith oidhrecht do ghrúpaí mionlaigh a chur san áireamh, mar shampla, trí thaifeadadh a dhéanamh ar oidhrecht grúpaí mionlaigh, trí fhorbairt a dhéanamh ar acmhainní oidhreachta digiteacha inrochtana, trí mhodhnuithe seachtracha/inmheánacha a dhéanamh ar fhoirgnimh ar mhaithe le rochtain a mhéadú agus trí léirmhíniú ilchéadfach a chur i láthair.

Tugann cláir deontais na Comhairle Oidhreachta tús áite do thionscadail oidhreachta lena gcuirtear uilechuimsitheacht agus rochtain chun cinn agus a mbíonn raon níos leithne páirteach iontu Déanfar breithniú ar thacú le hiarratais ó ghrúpaí nó ar eagraíochtaí a thaispeánann go soiléir an difríocht a dhéanfaidh a dtionscadail i leith oidhreachta, daoine agus pobal trí dheis rannpháirtíochta a thabhairt do raon níos leithne aoiseanna, daoine, eitneachtaí agus cúlraí sóisialta nó do ghrúpaí nach raibh deis acu riamh roimhe a bheith páirteach i ngnóthaí an réimhse oidhreachta.

D'fhéadfadh tairbhí eile a bheith ann, mar shampla, méadú a dhéanamh ar fheasacht phoiblí, múineadh scileanna traidisiúnta, gníomhaíochtaí comhoibríochta i measc grúpaí éagsúla, agus tionchar dearfach a bheith á imirt ar chúrsaí fostaíochta agus oibre deonaí.

Ar dheis Ionad Ealaíon agus Oidhreachta Sheoirse.

Na Príomhphointí sa bhliain 2021

Tá Ionad Ealaíon agus Oidhreachta Naomh Seoirse lonnaithe i seaneaglais Eaglais na hÉireann i mBaile Mhistéil. Is le cuideachta neamhbhrabúis an foirgneamh íocónach anois ar cuideachta é a bhunaigh grúpa áitiúil a raibh fonn orthu an foirgneamh a choimeád le haghaidh úsáid an phobail i mBaile Mhistéil agus sna ceantair máguaird. Tar éis feachtas rathúil uailmhianach bailithe maoiniúcháin, cheannaigh an grúpa an foirgneamh ó Eaglais na hÉireann i mí Aibreáin 2021.

Mar chuid de chaomhnú agus d'athfhorbairt an fhoirgnimh shuntasach agus an mhoil phobail seo, bhronn an Chomhairle Oidhreachta deontas €15,000 ar Ionad Oidhreachta agus Ealaíon Naomh Seoirse, Baile Mhistéil, sa bhliain 2021 chun dul i mbun oibreacha cuí a éascaíonn rochtain uilíoch anois ar an bhfoirgneamh.



Aguisín

Sna leathanaigh a leanann, cuirimid i láthair rogha buaicphointí ó oifigí oidhreachta éagsúla ar fud na tíre.

Ceatharlach

Bhain oifig oidhreachta Cheatharlach úsáid as scanadh neamhscriosach 3T i mbliana chun trí phíosa de chloch shuntasach stairiúil a athchruthú agus a dhigitíú, ionas go bhféadfadh daoine teacht ar na píosaí oidhreachta inláimhsithe seo ar ardán ar líne.

Bhí géarghá leis an ngníomh seo mar go bhfuil na píosaí cloiche nochta don aimsir agus go bhfuil siad i mbaol díghrádaithe le himeacht ama agus mar sin bhí sé tábhachtach iad a chaomhnú mar atá siad faoi láthair.

Baineann na clocha leis na tréimhsí meánaoise agus na réamhstaire, agus táthar ag súil go mbainfidh ealaíontóirí, taighdeoirí, pobail áitiúla agus daoine eile ar spéis leo leas as an acmhainn seo.

Thacaigh Éire Ildánach Cheatharlach 2021 leis an tionscadal seo.

An Clár

Ghlac Lónra Chartlanna Pobail ba hÉireann (ICAN) i gContae an Chláir páirt i dtionscadal a bhí ceaptha chun an nasc le háit a chur chun cinn trí fhorbairt a dhéanamh ar shraith cártaí poist atá bunaithe ar stair agus ar oidhreacht áitiúil.

Mar thoradh ar an tionscadal sin, dar teideal Daoine agus Áit Connecting Communities', cumasaíodh do grúpaí pobail ar baill de ICAN i gContae an Chláir iad a bheith ag obair in éineacht le grianghrafadóir agus le scríbhneoir cruthaitheach chun an bailiúchán cártaí poist a dhearadh.

Spreagadh do na rannpháirtithe a gceantar áitiúil

a scrúdú ar bhealach nua agus leas a bhaint as teicnící cruthaitheacha éagsúla. Roghnaigh gach grúpa cuid dá n-íomhánna agus dá dtéacs ansin lena chur ar taispeáint ar aghaidh a gcárta poist.

Cathair Chorcaí

Suirbhé Madraí Uisce

Rinneadh suirbhé madraí uisce i mbliana i gCathair Chorcaí le tógáil ar an gceann a rinneadh in 2011. Cuirfidh an suirbhé seo leis an obair a rinneadh cheana féin maidir le láithreacha madraí uisce a aimsiú, a DNA a scrúdú agus monatóireacht a dhéanamh ar a gcuid gluaiseachtaí. Cabhróidh torthaí an tsuirbhé freisin le feacht an phobail ar mhadraí uisce sa timpeallacht uirbeach a mhéadú.

Táthar ag súil go gcríochnófar an suirbhé, atá á dhéanamh i gcomhpháirtíocht idir Lónra Dúlra Chorcaí, Oifig na nOibreacha Poiblí agus an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, go luath in 2022.

Scéim Deontais Oidhreachta Pobail

Soláthraíonn an Scéim Deontais Oidhreachta Pobail bunmhaoiniú i bhfoirm miondeontas do ghrúpaí oidhreachta áitiúla, pobalbhunaithe agus do dhaoine aonair atá páirteach in obair leanúnach a théann chun sochair oidhreachta Chathair Chorcaí. In 2021, bronnadh beagnach €20,000 ar 24 grúpa pobail.

Contae Chorcaí

Rinneadh infheistíocht beagnach €174,000 in ocht ngnóthas éagsúla le hairgead a fuarthas ó Chiste na Séadchomharthaí Pobail, ar ciste

é a thacaíonn le tionscadail agus pleananna a bhaineann le láithreáin seandálaíochta. Is ionann an méid sin agus méadú suntasach ar an tsumim €75,000 a caitheadh ar thrí thionscadal sa bhliain 2020.

I measc na gceantar rathúil faoin scéim a reáchtálann Aonad Oidhreachta na comhairle agus a maoiníonn Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta í, áiríodh Drom Tairbh, An Cóbh, Dún Mánmhaí, Inis Píc, Bun an Tábhairne, Eochaill agus Mainistir Fhear Maí.

Dún na nGall

I mbliana, chuir Comhairle Contae Dhún na nGall an tríú bliain dá Scéim Deontais Athchóirithe Tuí i bhfeidhm, ag tacú le 24 tionscadal athchóirithe tuí agus ag tarraingt aird náisiúnta ó RTÉ, BBC agus Newstalk.

Béal Átha Seanaidh

Fuarthas maoiniú de €237,700 ón gComhairle Oidhreachta agus ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta do Thionscnamh Bailte Stairiúla Bhéal Átha Seanaidh a thacaigh le hoibreacha caomhnaithe ar 12 réadmhaoin stairiúla.

I dtionscadal a maoiníodh faoin gclár Éire Ildánach athchóiríodh comharthaíocht traidisiúnta péinteáilte de láimh, cruthaíodh múrmhaisiú binne agus baineadh ‘úsáid idir an dá linn’ as trí aghaidh siopa fholmha ar feadh an Mheal, Béal Átha Seanaidh.

Fine Gall

Le tacaíocht ón gComhairle Oidhreachta, oibríonn Oidhrecht X Aeráid Fhine Gall mar thionscadal eolaíochta na saoránach trína spreagtar don phobal gníomhartha dearfacha a dhéanamh maidir le faireachán a dhéanamh ar éifeachtaí an athraithe ar a sócmhainní oidhreachta áitiúla (mar atá sainaitheanta i dtuarascáil Fhine Gall ar Mheasúnacht Rioscáil i réimsí na hOidhreachta Cultúir agus an Athraithe Aeráide) agus páirt a ghlacadh san fhaireachán sin.

Fostaíodh Abarta Heritage chun forbairt a

dhéanamh ar shraith uirlisí tionscadail agus chun imeachtaí oiliúna ar líne agus i bpearsa a sheoladh. Féach [anseo](#) chun tuilleadh faisnéise a fháil.

Lean grúpa pobail d'fhaireachán a dhéanamh ar shócmhainní cultúir agus de na foirmeacha ar líne a chomhlánú agus tá a ghrúpa Facebook, ar a dtugtar ‘Mo Chara Fingal’, curtha ar bun aige.

Contae na Gaillimhe

I mbliana, chuir oifig oidhreachta na Gaillimhe tús le céim a dó den iniúchadh ar thoibreacha beannaithe na Gaillimhe, a tionscnaíodh chun oiread eolais agus ab fhéidir a bhailiú faoi thoibreacha beannaithe na Gaillimhe. Spreagadh an tionscadal seo ag an bhfaios go bhfuil an baol ann go gcaillfear eolas neamhdhoiciméadaithe faoi thoibreacha beannaithe an chontae mar gheall ar chailliúint an eolais atá ag glúnta níos sine, chomh maith le brúnna forbartha lena n-áirítear glanadh talún.

Ag cur san áireamh an scaipeadh geografach leathan de thoibreacha beannaithe ar fud an chontae, ní mór an t-iniúchadh a chur i gcrích i roinnt céimeanna ar leith. In 2020, bhailigh céim a haon bonnlíne faisnéise agus bhunaigh sí an bonn le haghaidh modheolaíochta bailithe sonraí agus bunachar sonraí atá éasca le húsáid le haghaidh stóráil na faisnéise.

Áirítear ar na sonraí atá á mbailiú tá suíomh, bonneagar, riocht fisiciúil, rochtain, stádas cosanta, úinéireacht, seandálaíocht, bithéagsúlacht, traidisiúin, béaloideas, oidhrecht bhéil agus nósanna a bhaineann leis na toibreacha beannaithe.

Bainfear úsáid as an eolas seo chun acmhainní ardcháilíochta bolscaireachta a fhorbairt don ghné seo d'oidhrecht an chontae san fhadtéarma.

Bhí ceantair bhargasacha Bhaile Locha Riach agus Bhéal Átha na Sluaighe mar fhócas i gcéim 2021.

Ciarraí

Ábhair thosaíochta de chuid oifig Oidhreachta

Chiarraí sa bhliain 2021 ab ea tacaíocht a thabhairt, agus ceiliúradh a dhéanamh, i leith scileanna dúchasacha agus traidisiúin dhúchasacha agus cuireadh ceardaíocht thraidisiúnta ar taispeáint i bhFeirmeacha Traidisiúnta Mhucrois mar chuid de thionscadal Phlean Oidhreachta an Chontae 2021.

I measc aschuir an tionscadail sin éiríodh físeáin, cartlann fhótagrafach oidhrecht fhoirgnithe Chill Airne chomh maith le plean feabhsaithe sráid-dreacha le haghaidh na Sráide Nua i gCill Airne.

Táthar ag súil go gcuirfear cuid de na grianghraif ar taispeáint le linn Ailtireacht Chiarraí i mbliana i dTeach Chill Airne.

Is féidir leat breathnú ar chuid den ábhar [anseo](#).

Thug Tionscnamh Bhailte Stairiúla Lios Tuathail tacaíocht d'úinéirí foirgnimh agus do choimeádaithe déanmhais (11 cheann san iomlán), ar foirgnimh agus déanmhais iad atá suite laistigh de limistéir caomhantais ailtireachta i Lios Tuathail. D'imir na tionscadail tionchar suntasach ar na sráid-dreacha agus thacaigh siad le cur le háitíocht chónaitheach i bhfoirgnimh i lár an bhaile, is é sin, i gcroílár bhaile Lios Tuathail.

Léiríonn na tionscadail shamplacha an tionchar dearfach a bhaineann le siúinéireacht chúimhionsonraithe, le rindreáil aoil, le comhdhlúthú saoirseachta cloiche, le fáil réidh le sreanga agus le comharthaí fógraíochta iomarcacha agus, chomh maith leis sin, léiríonn siad an tionchar a ghabhann le scéim péinteála bheoga.

Cill Chainnigh

Chríochnaigh oifig oidhreachta Chill Chainnigh ceithre thionscadal bithéagsúlachta, ar bhain eolaíocht shluaifhoinsithe le ceann acu, in 2021.

- Taifeadadh 199 láithreán nead gabhlán gaoithe in 51 foirgneamh ar fud 13 baile sa chontae mar chuid de chéad Iníúchadh Gabhlán Gaoithe Chill Chainnigh, i gcomhpháirtíocht le Cairde Éanlaith Éireann.
- Sainaitníodh 26 láithreán nead scréachóg

reilige i suirbhé ar fud an chontae ar an scréachóg reilige i gcomhpháirtíocht le Cairde Éanlaith Éireann. Tháirg Cairde Éanlaith Éireann [scannán gearr](#) don oifig oidhreachta inar chuir feirmeoir de chuid Chill Chainnigh, Nicky Murphy, fáilte roimh ulchabháin chuig an bhfeirm. Bhí sé le feiceáil ar “Ear to the Ground” ar RTÉ.

- Rinneadh suirbhé ar mhamaigh bheaga chun athruithe ar dhaonraí na mamach beag sa chontae, a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar éin chreiche, a chinneadh.
- Tugadh tacaíocht do cheardlann phoiblí don chéad suirbhé ar ghráinneoga na hÉireann i gcomhpháirtíocht le OÉ Gaillimh agus leis an Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta.

Laois

Sa bhliain 2021, lainseáil comhairlí contae Laoise agus Uíbh Fhailí mórthionscadal nua trína gcruthófar nasc idir caomhnú na hoidhreachta meánaoisí agus na bithéagsúlachta. Bronnadh maoiniúchán ar an tionscadal trí bliana faoi Ciste an Rialtais i leith Aistriú Cóir agus cuireadh tús leis an tionscadal tríd an mheitheal chaomhantais a cheapadh ar meitheal í a mbeidh Howley Hayes Cooney Architects i gceannas uirthi.

Déanfar pleananna caomhantais i leith sé láithreán reilige a fhoilsiú go luath sa bhliain 2022. Cuirfear tús le caomhnú saoirseachta cloiche agus le bainistiú pailneoirí sna blianta dá éis sin.

Liatroim

Tionscnamh oidhreachta pobail is ea Tionscadal Tithe Allais Liatroma chun taighde a dhéanamh ar thithe allais* ar fud Liatroma.

Bhí an chéad chuid den tionscadal, atá maoinithe ag an gComhairle Oidhreachta, ar siúl i mbliana agus bhí oibríthe deonacha ag bailiú agus ag catalógú an eolais ar fad faoi thithe allais Liatroma agus bhailigh siad stair béil faoi na háiteanna seo. Bhí rannpháirtíocht an phobail, ionchur na n-oibreacha deonacha agus suim na

meán sa tionscadal níos fearr ná mar a measadh a bheadh, agus bhí gnéchlár ar BBC a bhain leis.

Roimh an tionscadal, bhí taifead de 98 teach allais sa tír, agus sainaithníodh 12 eile le linn an tionscadail seo.

*Is struchtúir bheaga chloiche iad tithe allais a théitear chun cóireáil a chur ar dhaoine, rud éigin cosúil le sabhna. De ghnáth déantar iad a théamh le tine mhóna, a rácaíltear amach trí dhoras beag, agus ansin téann na hothair isteach. De ghnáth, cuirtear deireadh leis an gcóireáil le seisiún níocháin i sruthán in aice láimhe.

Lú

Chuir oifig oidhreachta Lú naoi n-iarratas faoi bhráid Chiste na Séadchomharthaí Pobail agus d'éirigh le trí cinn de na hiarratais sin. Chlúdaigh na deontais staidéir chaomhantais faoi dhá thúrtheach faoi úinéireacht phríobháideach (Teach Ghlas Piostail agus Teach Taafe i gCairlín) agus oibreacha caomhantais ar chuid de bhalla baile Dhroichead Átha i Lána an Leaba Chlúimh, gar do Gheata San Labhráis.

Bhíothas in ann úsáid a bhaint as maoiniúchán do phlean oidhreachta a fuarthas ón gComhairle Oidhreachta chun íoc as measúnachtaí a rinneadh maidir le roinnt séadchomharthaí i gContae Lú. Ina measc sin, áiríodh an chuid de chosaintí baile Bhaile Átha Fhirdhia ag Geata an Cheapógaigh, balla teorann na reilige i nDairbhre agus i bPríoireacht Lú (Mainistir Mhuire).

Maigh Eo

Leanadh ar aghaidh in 2021 le Tionscadal Bhogaigh Mhaigh Eo, ar cuireadh tús leis in 2020, nuair a cruthaíodh tacar sonraí GIS de shuíomhanna bogáigh aitheanta agus féideartha sa chontae. Tá teorainneacha breis agus 1,170 láithreán aitheanta agus mapáilte. Beidh an tacar sonraí seo fíorluachmhar do phleanáil chaomhnaithe amach anseo agus ligfidh sé do dhearadh suirbhéanna bogáigh spriocdhírthe agus cláir thaighde.

Rinneadh suirbhé ar speicis choimhthíocha

ionracha ar an nglasbhealach ó Chaisleán an Bharraigh go Turlach agus tá plean bainistíochta ullmhaithe, plean a mholann bealaí chun speicis ionracha feadh an bhealaigh a rialú/a bhaint.

Cuireadh amach físeán a dhéanann stair agus oidhrecht shaibhir Loch Ceara a cheiliúradh chun Lá Náisiúnta Oidhreachta Uisce a chomóradh.

An Mhí

Áiríodh an méid seo a leanas i 'Clár Oibre na hOifige Oidhreachta 2021' a d'ullmhaigh comhairle contae na Mí agus a fuair tacaíocht lena aghaidh ón gComhairle Oidhreachta:

Líonra Bhailte Múrtha na hÉireann - Baile Átha Troim

Forbraíodh treoir chlos-amhairc faoi stair agus faoi sheandálaíocht an tsiúláin ó Gheata na gCaorach go dtí an Baile Nua, Béal Átha Troim, agus lainseáladh an treoir le linn na Seachtaine Oidhreachta.

Maoiniúchán faoin bPlean Náisiúnta Gníomhaíochta Bithéagsúlachta

Leithroinn an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta maoiniúchán le haghaidh cúig thionscadal faoin scéim seo, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

- Tacaíocht a thabhairt maidir le tionscadail pobal áitiúil i leith gníomhaíocht bithéagsúlachta a chur i gcrích
- Moil a bhunú a phléann le faisnéis faoi phailneoirí
- Dhá chúrsa ar líne cúig seachtaine maidir le garraíodóireacht ar son na bithéagsúlachta, ar cúrsaí iad a raibh 75 dhuine páirteach iontu
- Chun tacú leis an bPlean Uile-Éireann um Pailneoirí, rinneadh sraith fógrán raidió maidir le bithéagsúlacht agus maidir leis an tslí ina féidir le daoine gníomhú chun cabhrú le pailneoirí a chraoladh ar LMFM le linn feachtas cumarsáide cúig seachtaine.

Muineachán

I rith 2021, chuir oifig oidhreachta Mhuineacháin an dara sraith de phodchraoltaí ‘Heritage at the Heart’, a dhíríonn ar oidhrecht agus dúlra Mhuineacháin. Sa tsraith seo bhí agallaimh le daoine áitiúla, le caomhnóirí, agus le speisialtóirí oidhreachta, le go leor plé agus scéalta bríomhara faoina n-áiteanna agus an luach a bhaineann leo. In éineacht le gach podchraoladh tá ceol arna choimisiúnú go speisialta ag Michael Gallen, cumadóir as Muineachán.

Tá achoimre ar chuid de na cláir a cuireadh amach i mbliana ar fáil thíos:

Sa chlár A Natural Exploration of Hedgerows, tá siúlóid feadh fál flúirseach i mBaile Átha an Fhóid. Pléitear fiadhúlra fála chomh maith le dea-bhainistíocht, crainn agus stair na bhfálta in Éirinn.

Sa chlár The Puzzle of Placenames, scagtar ciall roinnt logainmneacha ó Chluain Eois agus áiteanna eile, agus scagtar freisin oidhrecht na talún is féidir a fhoghlaim ach fíorú a dhéanamh ar na logainmneacha seo.

Sa chlár Market Houses, pléitear stair na dtithe margaidh, bailte agus conas is féidir le seanfhoirgnimh mhóra cur le hathnuachan bailte agus sráidbhailte.

Uíbh Fhailí

I mí na Samhna 2021, lainseáil an tAire Stáit Oidhreachta agus Athchóirithe Toghcháin, Malcom Noonan, Seirbhís Cartlainne Chontae Uíbh Fhailí. Le tacaíocht ó chomhairle contae Uíbh Fhailí, d’fhorbair Offaly History an tseirbhís seo mar thionscadal tosaíochta de chuid Phlean Oidhreachta Uíbh Fhailí 2017-2022.

Osclaíodh foirgneamh saindeartha na cartlainne in earrach na bliana 2020 agus, d’ainneoin srianta Covid-19 a bheith ann sa bhliain 2021, tá sé ag oibriú go hiomlán anois. Leantar den obair chun forbairt a dhéanamh ar láithreán gréasáin [sheirbhís cartlainne an chontae](#) ar a n-óstáiltear catalóga agus ábhair dhigitithe áirithe.

Ros Comáin

Thacaigh maoiniú ón gComhairle Oidhreachta le roinnt príomhghníomhaíochtaí in 2021 lena n-áirítear ‘Farming Rathcroghan EIP Community Archaeology Project’.

Is é cuspóir an tionscadail oidhrecht shaibhir seandálaíochta agus stairiúil Ráth Cruachan a chosaint agus daonra tuaithe inmharthana a chothú. I measc na ngníomhaíochtaí a rinneadh faoin tionscadal seo in 2021 bhí ionchur ó speisialtóir um pleanáil feirme.

Chuimsigh sé seo cuairteanna feirme agus cruinnithe ag an seandálaí pobail le feirmeoirí a cheadaigh plé ar chomhthéacs seandálaíochta agus ar thábhacht na séadchomharthaí ar na feirmeacha, plé ar réitigh faoi stiúir feirmeoirí, fiosrúcháin feirmeoirí agus ag tairiscint comhairle seandálaíochta dea-chleachtais.

Tiobraid Árann

I mbliana, d’eagraigh oifig oidhreachta Thiobraid Árann meascán d’imeachtaí i bpearsa agus d’imeachtaí ar líne le haghaidh na Seachtaine Oidhreachta Náisiúnta ar chláraigh os cionn 30 grúpa ina leith sa chontae. Eagraíodh searmanas Ghradaim na Seachtaine Oidhreachta Náisiúnta ar líne i mí Dheireadh Fómhair agus bhuaigh dhá ghrúpa de chuid Thiobraid Árann duaiseanna. Ba iad seo a leanas na buaiteoirí sin:

- Turas Siúil Stairiúil Iníonacha Dhún Iascaigh a bhuaigh an Gradam Comhroinnte Oidhreachta a d’eagraigh Grúpa Staire Mhná na Cathrach
- Fóram Pobail ‘Suircan’ a bhuaigh Gradam na hOidhreachta Uisce i leith a dtionscadal samplála uisce ar an tSiúir, ar tionscadal do shaoránaigh a bhí ann.

Port Láirge

Tá cailteanas láithreáin neadacha agus an t-athrú aeráide ina gcúis le laghdú mór ar líon na ngablán gaoithe in Éirinn. Bunaithe air seo, rinne Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge coimisiúnú ar Chairde Éanlaith Éireann chun

suirbhé a dhéanamh a raibh mar aidhm aige dáileachán agus dlús na ngabhlán gaoithe sa chontae a fháil amach agus cabhrú le caomhnú an speicis amach anseo.

Bhí breis is 40 lá de shuirbhéireacht i 19 mbaile i gceist leis an obair allamuigh. Deimhníodh go raibh gabhláin ghaoithe ag síolrú i dtrí limistéar uirbeacha, Port Láirge, Port Lách agus an Trá Mhór, le 46 láithreán nead gabhlán gaoithe ar an iomlán.

Tá gabhláin ghaoithe Phort Láirge lonnaithe in 11 fhoirgneamh i 7 gceantar. Is féidir an t-eolas seo a úsáid d'iarrachtaí caomhnaithe amach anseo ach oibriú le húinéirí, cónaitheoirí agus bainisteoirí le cinntiú go bhfreastalaítear ar gabhláin ghaoithe anois agus amach anseo..

Is í an chéad tosaíocht eile ná cur leis na deiseanna le haghaidh gabhláin ghaoithe atá ag neadú sa chontae.

An Iarmhí

Le maoiniúchán ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta Spóirt agus Meán faoi chlár Dheich mBlia na gCuimhneachán, cuireadh tacaíocht ar fáil sa bhliain 2021 le haghaidh roinnt tionscadal de chuid oifig oidhreachta na hIarmhí.

Fostaíodh beirt staraithe ar fud na bliana chun [blaganna](#), [podchraoltaí](#) agus [scannáin ghearra](#) a ullmhú go tráthrialta.

Imeacht eile ab ea [taispeántas ar líne](#) a cruthaíodh chun comóradh a dhéanamh ar an gcéad turas taiscéalaíochta a rinneadh sa bhliain 1921 faoi cheannas Howard-Bury as Teach Belvidere.

Ullmhaíodh sraith trí scannán ghearra dar teideal 'Memories of the Big House' faoin ngné chruthaitheachta de chiste (€15k). D'áirigh na scannáin seo agallaimh le daoine a chomhroinn a gcuimhní ar an thithe móra san Iarmhí agus an bhaint a bhí acu leo.

Loch Garman

Fuair Comhairle Contae Loch Garman maoiniú faoi Thionscnamh na mBailte Stairiúla le

haghaidh oibreacha feabhsaithe sráid-dreacha ag Sráid na Sláine in Inis Córthaidh. Is éard a bhí i gceist leis na hoibreacha athchóiriú a dhéanamh ar na saifhuinneoga adhmaid a bhí ann cheana féin, fuinneoga nua uPVC a chur fheistiú agus gach façade a phéinteáil.

Fuarthas maoiniú faoi Scéim Lónra Bhailte Múrtha na hÉireann chun cuid de bhalla meánaoiseach an bhaile ag Sráid Mhuire i Loch Garman a chaomhnú. Tá sé seo taobh le cuid eile den bhalla a caomhnaíodh faoin gciste céanna in 2019.

Fuarthas maoiniú le haghaidh oibreacha athchóirithe dumhcha agus tionscadail plandála pailneoirí pobail. Mar chuid de na hoibreacha athchóirithe dumhcha thug an pobal áitiúil faoi laethanta plandála muiríní. D'oibrigh éiceolaí leis an bpobal áitiúil ar na tionscadail um plandú le haghaidh pailneoirí.

Cill Mhantáin

Is éard atá i dTionscadal Seandálaíochta Phobal Ghleann Dá Loch ná tochairt dheonach agus gníomhaíochtaí for-rochtana. Sa bhliain 2021, rinneadh tochairtí i dtréimhse choicise idir 3-13 Lúnasa.

Rinneadh na tochairtí seo i gceantar in aice leis an bpríomhlonnaíocht mhainistreach agus bhí 8-10 rannpháirtí páirteach ann in aghaidh an lae, 57 'daonlá' ar an iomlán.

Deimhníodh an bonn d'imfhálú mainistreach ó na meánaoiseanna luatha sna tochairtí seo, agus nochtadh cainéil clochlíne muileann uisce. Áiríodh leis na réada a aimsíodh coirníní cloch phollta (c. 10ú haois) agus potaireacht mheánaoiseach.

D'oibrigh Fóram Oidhreachta Ghleann Dá Loch le healaíontóir lego chun atógáil shamhailteach den lonnaíocht mhainistreach (nuair a bhí sí i mbarr a réime) a tháirgeadh, a bheidh mar bhunús don fhor-rochtain oideachais.

Rialachas Corparáideach



Is é beartas na Comhairle Oidhreachta na caighdeáin is airde rialachais chorparáidigh a choinneáil, i gcomhréir leis na beartais agus cleachtais sin a bhfuil glacadh coitianta leo. Tá an Chomhairle tiomanta d'fhorálacha ábhartha an Chóid Chleachtais nua um Rialachas Comhlachtaí Stáit a foilsíodh in 2016 a chomhlíonadh. Bhunaigh an Chomhairle Oidhreachta Coiste Iniúchta, Riosca agus Airgeadais a dhéanann athbhreithniú rialta ar chóras an rialaithe inmheánaigh agus a fhostaíonn saineolas seachtrach le haghaidh a chuid feidhmeanna a chur chun feidhme, agus feidhm an iniúchta inmheánaigh san áireamh, de réir mar is iomchuí. Tá an Chomhairle Oidhreachta lánchomhlíontach ó thaobh cánach de agus ní bhíonn sí i mbun idirbhearta seachanta cánach 'ionsaitheacha'.

Íocaíochtaí Prasa 2021

Ceanglaítear ar an gComhairle Oidhreachta riachtanais I.R. Uimh. 580/2012 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach, 2012 a chomhlíonadh (Íocaíochtaí Déanacha in Idirbhearta Tráchtála) agus a réamhtheachtaí a chomhlíonadh, an tAcht um Íocaíochtaí Prasa Cuntas (ar a dtugtar 'na Rialacháin' go comhchoiteann). Is iad téarmaí creidmheasa na Comhairle arna thógáil, mura bhfuil a mhalairt sonraithe i socruithe conartha, 30 lá ó fháil an tsonrais. Cuireadh nósanna imeachta i bhfeidhm lena soláthraítear dearbhú réasúnta i gcoinne neamhchomhlíonadh ábharach na Rialachán. Cé go bhfuil na nósanna imeachta deartha chun comhlíonadh na Rialachán a chinntiú, ní féidir ach dearbhú réasúnta agus ní dearbhú iomlán a sholáthar leo maidir le neamhchomhlíonadh ábharach an Achta 1997 agus IR Uimh. 580/2012.

Léirítear le hathbhreithniú ar gach íocaíocht a rinneadh sna blianta dar críoch 31 Nollaig 2021. Rinneadh 13 íocaíocht de mhéid iomlán €32,725 a raibh pionós úis €34 orthu faoi na rialacháin thuas.

Le héifeacht ón 1 Iúil 2011, bhí ceanglas ar an gComhairle Oidhreachta Cinntí S29296 ón rialtas an 2 & 8 Márta 2011 agus 28 Márta 2017 a chomhlíonadh, maidir le riail um íocaíocht phras 15 lá. Sonraítear thíos an nochtadh a theastaíonn i Meabhrán an Rialtais (MoG) lena dtacaítear leis na cinntí thuas don tréimhse 1 Eanáir 2021 go 31 Nollaig 2021:

Sonraí	Líon	Luach (€)	Céatadán (%) de líon iomlán na n-íocaíochtaí
Líon na n-íocaíochtaí a rinneadh laistigh de 15 lá	1631	2,056,859	82.12
Líon na n-íocaíochtaí a rinneadh laistigh de 16-30 lá	269	750,526	13.54
Líon na n-íocaíochtaí a rinneadh i ndiaidh 30 lá ar gearradh ús íocaíochtaí déanacha orthu	13	32,725	0.65
Líon na n-íocaíochtaí a rinneadh i ndiaidh 30 lá nár gearradh ús íocaíochtaí déanacha orthu	73	246,897	3.68
Iomlán	1986	3,087,007	100.00

Ar an 31 Nollaig 2021, bhí seachtar ban (70%) agus triúr fear (30%) ar an mbord, le folúntas amháin. Mar sin, ní chomhlíonann an Bord sprioc an rialtais ionadaíocht ar a laghad 40% de gach inscne i mballraíocht na mbord stáit.

Tá na bearta seo a leanas beartaithe chun aghaidh a thabhairt ar chothromaíocht inscne ar an mbord seo agus í a fheabhsú:

Oibreoidh an Chomhairle Oidhreachta lena máthair-roinn chun a chinntiú go ndéantar cothromaíocht inscne an bhoird a mheas go hiomlán nuair a dhéanfar ceapacháin ar Bhord na Comhairle Oidhreachta amach anseo.

Dreácht-Ráitis Airgeadais Na Comhairle Oidhreachta Don Bhliain Dar Críoch 31 Nollaig 2021

	page
Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird	63
Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach	70
Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste	73
Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchiste Ioncaim Coinnithe	75
Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach	76
Ráiteas ar an Staid Airgeadais	77
Ráiteas ar Shreafaí Airgeadais	78
Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais	79
Sceideal Íocaíochtaí Deontais na Comhairle Oidhreachta	97

Ráiteas Rialachais Agus Tuarascáil Na gComhaltaí Boidr

Bunaíodh an Chomhairle Oidhreachta faoin Acht Oidhreachta 1995. Leagtar amach feidhmeanna an Bhoird in alt 6 den Acht seo. Tá an Bord freagrach don Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus tá na baill freagrach as deimhniú go nglactar leis an dea-rialachas agus is trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan amach, agus trí chinntí straitéiseacha a dhéanamh ar gach príomhcheist ghnó. Is iad an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (POF) agus an fhoireann bhainistíochta shinsearach atá freagrach as bainistíocht, rialú agus stiúradh laethúil na Comhairle Oidhreachta. Ní mór don POF agus don fhoireann bhainistíochta shinsearach an treoir leathan straitéiseach atá leagtha síos ag an mBord a leanúint, agus ní mór dóibh a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag comhaltaí uile an Bhoird ar na príomhghníomhaíochtaí agus ar na príomhchinntí a bhaineann leis an eintiteas, agus ar aon rioscaí suntasacha a d'fhéadfadh teacht chun cinn. Feidhmíonn an POF mar nasc díreach idir an Bord agus bainistíocht na Comhairle Oidhreachta.

Freagrachtaí an Bhoird

Tá obair agus freagrachtaí na Comhairle leagtha amach sna Buan-Orduithe agus sna Feidhmeanna Forchoimeáda, ina bhfuil freisin na hábhair atá forchoimeáda go sonrach don Chomhairle. I measc na míreanna seasta a bhreithnigh an Bord tá:

- dearbhuithe leasa,
- tuarascálacha ó choistí,
- tuarascálacha airgeadais,
- cuntais bhainistíochta agus,
- nithe forchoimeáda.

Ceanglaítear le hAlt 21 den Acht Oidhreachta ar Bhord na Comhairle Oidhreachta, i cibé foirm a cheadóidh an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, gach cuntas cuí agus gnáthchuntas a choinneáil ar airgead a fuair sí agus a chaith sí.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, ceanglaítear ar Bhord na Comhairle Oidhreachta:

- beartais chuntasaíochta iomchuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach,
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama,
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin i gcás go bhfuil sé míchuí glacadh leis go leanfaidh sé d'oibriú, agus
- a lua cibé acu ar leanadh nó nár leanadh caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, faoi réir imeacht ar bith ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais.

Tá an Bord freagrach as taifid chuntas leordhóthanacha a choimeád ina nochtar le cruinneas réasúnta, ag tráth ar bith, staid airgeadais an Bhoird agus a chuireann ar a gcumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 21 den Acht Oidhreachta 1995. Tá an Bord freagrach as cothabháil agus iontaofacht na faisnéise corparáidí agus airgeadais atá ar fáil ar shuíomh gréasáin na Comhairle Oidhreachta.

Ráiteas Rialachais Agus Tuarascáil Na gComhaltaí Boird ar lean

Tá an Bord freagrach as an bplean agus buiséad bliantúil a cheadú. Rinneadh meastóireacht ar fheidhmíocht na Comhairle Oidhreachta trí thagairt don phlean bliantúil agus don bhuiséad ar an 29 Márta, 2022.

Tá an Bord freagrach freisin as a sócmhainní a chosaint agus, dá bhrí sin, as bearta réasúnta a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Is é tuairim an Bhoird ná go dtugtar léargas fórcheart cóir i ráitis airgeadais na Comhairle Oidhreachta ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid chúrsaí na cuideachta i ráitis airgeadais na Comhairle Oidhreachta amhail an 31 Nollaig 2021..

Struchtúr an Bhoird

Mar chuid den Bhord, tá cathaoirleach agus 10 ngnáthchomhalta, gach duine acu ceaptha ag an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. Go dtí an 5 Deireadh Fómhair, 2021 ba é Michael Parsons an Cathaoirleach agus le héifeacht ón 5 Deireadh Fómhair, 2021 ceapadh Martina Moloney ina Cathaoirleach. Ceapadh Comhaltaí na Comhairle ar feadh tréimhse 5 bliana agus tháinig siad le chéile deich n-uaire in 2021. Leagtar amach sa tábla thíos tréimhse cheapacháin na gcomhaltaí:

	Role	Date Appointed
Michael Parsons	Cathaoirleach Gníomhach Cathaoirleach	9 Nollaig 2016 - 4 Deireadh Fómhair 2017 5 Deireadh Fómhair, 2017 - 5 Deireadh Fómhair, 2021
Martina Moloney	Comhalta Boird Cathaoirleach	3 Samhain 2020 - 4 Deireadh Fómhair 2021 5 Deireadh Fómhair 2021 - 5 Deireadh Fómhair 2026
Michael Farrell	Comhalta Boird	3 Samhain 2020 - 3 Samhain 2025
John Patrick Greene	Comhalta Boird	3 Samhain 2020 - 3 Samhain 2025
Sammy Leslie	Comhalta Boird	3 Samhain 2020 - 3 Samhain 2025
Fionnuala May	Comhalta Boird	3 Samhain 2020 - 3 Samhain 2025
Deirdre McDermott	Comhalta Boird	3 Samhain 2020 - 3 Samhain 2025
An Dr Patricia O'Hare	Comhalta Boird	3 Samhain 2020 - 3 Samhain 2025
John G Pierce	Comhalta Boird	3 Samhain 2020 - 3 Samhain 2025
Sheila Pratschke	Comhalta Boird	3 Samhain 2020 - 3 Samhain 2025
An Dr Mary Tubridy	Comhalta Boird	3 Samhain 2020 - 3 Samhain 2025

Ráiteas Rialachais Agus Tuarascáil Na gComhaltaí Boird ar lean

Struchtúr An Bhoird

Bhunaigh an Bord na cúig choiste a leanas:

1. An Coiste Iniúchóireachta, Riosca agus Airgeadais, a bhfuil triúr ball den Bhord air chomh maith le ball seachtrach amháin. Freastalaíonn Cathaoirleach na Comhairle ar na cruinnithe freisin. Is é ról an Choiste Iniúchóireachta, Riosca & Airgeadais tacú leis an mBord maidir lena fhreagrachtaí maidir le saincheistanna riosca, rialaithe agus rialachais agus an dearbhú a bhaineann leis sin uile. Tá an Coiste Iniúchóireachta, Riosca & Airgeadais neamhspleách ar bhainistíocht airgeadais na heagraíochta. Cinntíonn an Coiste go ndéantar monatóireacht ghníomhach neamhspleách ar na córais um rialú inmheánach, lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúchta. Tuairiscíonn an Coiste Iniúchóireachta, Riosca & Airgeadais don Bhord tar éis gach uile chruinniú.

Go dtí an 5 Deireadh Fómhair 2021, ba í Martina Moloney Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta, Riosca & Airgeadais. Ar an dáta seo, ceapadh Martina Moloney ina Cathaoirleach ar an gComhairle Oidhreachta. Ar an 11 Samhain 2021, ceapadh Michael Farrell ina Chathaoirleach ar an gCoiste Iniúchóireachta, Riosca agus Airgeadais. Bhíodh sé ina Leas-Chathaoirleach ar an gCoiste go dtí sin.. Is iad seo a leanas baill eile an Choiste: John Patrick Greene, Patricia O'Hare (ceaptha ar an 11 Samhain, 2021) agus Phil Walsh (comhalta seachtrach) a ceapadh ar an 15 Eanáir, 2021.

2. Tá seisear ball den Bhord ar an gCoiste Straitéise. Freastalaíonn Cathaoirleach na Comhairle ar na cruinnithe freisin nuair a bhíonn an Cathaoirleach ar fáil. Is é ról an Ghrúpa um Athbhreithniú ar Straitéis comhairle a thabhairt don Chomhairle maidir le plean straitéiseach nua a fhorbairt. Tuairiscíonn an Coiste don Bhord tar éis gach uile chruinniú.

Is iad seo a leanas comhaltaí an Ghrúpa um Athbhreithniú ar Straitéis: Sheila Pratschke (Cathaoirleach), John G Pierce, Fionnuala May, Sammy Leslie, Mary Tubridy agus Patricia O'Hare.

3. Ar an 15 Eanáir, 2021 bhunaigh an Bord Tascfhórsa an Ionaid Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta (INSB). Freastalaíonn Cathaoirleach na Comhairle ar na cruinnithe freisin nuair a bhíonn an Cathaoirleach ar fáil. Is é ról an tascfhórsa seo an raon feidhme, an struchtúr agus an socrú rialachais is fearr a bhunú don chomharba ar shocruithe reatha an INSB agus moladh a dhéanamh don Bhord maidir le bunú na socruithe don INSB amach anseo. Is iad seo a leanas comhaltaí an tascfhórsa: Geraldine Tallon – Cathaoirleach, Michael Farrell, John Patrick Greene, Catriona Ryan (ó 25 Feabhra 2021), Donald Hobern (ó 25 Feabhra 2021), Ciaran O'Keeffe (ó 9 Aibreán-22 Iúil 2021) Andy Bleasdale (ó 22 Iúil 2021).
4. Ar an 6 Lúnasa 2021 bhunaigh an Bord an Coiste Pleanála. Is é ról an Choiste comhairle a thabhairt maidir le húsáid stádas na Comhairle mar chomhlacht forordaithe faoi na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt. Tuairiscíonn an Coiste don Bhord tar éis gach uile chruinniú. Is iad seo a leanas baill an Choiste: Fionnuala May – Cathaoirleach, Deirdre McDermot, Sammy Leslie, Mary Tubridy agus Rachel Kenny (ó 23 Meán Fómhair 2021).
5. Ar an 11 Samhain, 2021 bhunaigh an Chomhairle an Coiste um Chúiteamh agus Díchoilíniú ar an Oidhrecht Chultúrtha (teideal oibre). Is é ról an Choiste ná beartas náisiúnta a dhréachtú

Ráiteas Rialachais Agus Tuarascáil Na gComhaltaí Boird ar lean

agus a chomhaontú maidir le hoidhreacht chultúrtha a chúiteamh agus a dhíchoilíniú in Éirinn, oidhreacht chultúrtha a fuarthas nó a thrádáiltear go neamhdhleathach nó go mí-eiticiúil. Níor ceapadh Cathaoirleach an Choiste go fóill. Is iad seo a leanas baill an Choiste: Patrick Greene, Patricia O'Hare agus Gina Kelly. Níor tionóladh aon chruinniú den Choiste seo in 2021.

Tá sceideal freastail ar chruinnithe an Bhoird agus na gCoistí don bhliain 2021 leagtha amach thíos. Cuirtear san áireamh i Nóta 9 do na ráitis airgeadais ar leathanach 87 na speansais a fuair gach comhalta.

Freastalaí	Bord	Coiste Iniúchóireachta, Riosca agus Airgeadais	Coiste Straitéise	Tascfhórsa an Ionaid Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta	Coiste Pleanála
	Líon na gCruinnithe	Líon na gCruinnithe	Líon na gCruinnithe	Líon na gCruinnithe	Líon na gCruinnithe
	10	8	4	9	1
Michael Parsons (NÓTA 1)	8	6	2	6	N/A
Martina Moloney	9	8	2	1	N/A
Michael Farrell	9	8	N/A	8	N/A
John Patrick Greene	9	6	N/A	9	N/A
Sammy Leslie	9	N/A	4	N/A	1
Fionnuala May	10	N/A	2	N/A	1
Deirdre McDermott	10	N/A	N/A	N/A	1
Patricia O'Hare (NÓTA 2)	9	1	4	N/A	N/A
John G Pierce	9	N/A	3	N/A	N/A
Sheila Pratschke	10	N/A	4	N/A	N/A
Mary Tubridy	9	N/A	4	N/A	1
Phil Walsh	N/A	8	N/A	N/A	N/A
Geraldine Tallon	N/A	N/A	N/A	9	N/A
Catriona Ryan	N/A	N/A	N/A	7	N/A
Donald Hobern	N/A	N/A	N/A	7	N/A
Ciaran O'Keeffe	N/A	N/A	N/A	3	N/A
Andy Bleasdale	N/A	N/A	N/A	4	N/A
Rachel Kenny	N/A	N/A	N/A	N/A	1

NÓTA 1: Tháinig deireadh le ceapachán Michael Parson ar an gComhairle Oidhreachta ar an 5 Deireadh Fómhair, 2021. D'fhreastail sé ar chruinnithe uile an Bhoird, ar chruinnithe de chuid an Choiste Iniúchóireachta, Riosca agus Airgeadais, ar chruinnithe de chuid an Choiste Straitéise agus ar chruinnithe Tascfhórsa an Ionaid Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta a reáchtáladh go dtí an dáta seo.

NÓTA 2: Ceapadh Patricia O'Hare chuig an gCoiste Iniúchóireachta, Riosca agus Airgeadais ar an 11 Samhain 2021 agus d'fhreastail sí ar gach cruinniú de chuid an choiste seo idir an dáta ceapacháin sin agus an 31 Nollaig, 2021.

Ráiteas Rialachais Agus Tuarascáil Na gComhaltaí Boird ar lean

Príomhathruithe Pearsanra

D'fhág an Ceannaire Oideachais agus Cumarsáide an Chomhairle Oidhreachta ar an 31 Lúnasa, 2021. Líonadh an post seo i mí Eanáir, 2022.

Nochtaí a Cheanglaítear leis an gCód Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá an Bord freagrach as a chinntiú go bhfuil an Chomhairle Oidhreachta tar éis ceanglais an Chóid Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (“an Cód”) arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016 a chomhlíonadh. Ceanglaítear na Nochtaí seo a leanas faoin gcód:

Sochair Ghearrthearma Fostaithe

Áirítear miondealú ar na sochair gearrthearma fostaithe i Nóta 10 de na ráitis airgeadais.

Costais Sainchomhairleoireachta

Áirítear le costais sainchomhairleoireachta costas comhairle sheachtrach don bhainistíocht sna réimsí seo a leanas agus ní áirítear leo feidhmeanna seachfhoinsithe ‘gnó mar is gnách’:

	2021	2020
	€	€
Comhairle dlí	37,265	26,398
Feabhsú Gnó & Rialachas	5,289	74,258
Acmhainní Daonna & Earcaíocht	30,512	11,898
Iníúchadh Inmheánach	6,396	6,292
Measúnachtaí S1003	2,709	614
Covid 19 - tionchar ar an Earnáil Oidhreachta agus comhairle maidir le hoibríochtaí inmheánacha	2,829	4,674
Slándáil TFC	8,210	3,893
Pinsin	5,596	2,952
Forbairtí Beartaithe ar Phríomhshuíomhanna Oidhreachta	7,995	0
Soláthar	2,601	14,002
IOMLÁN	109,402	144,981

Ráiteas Rialachais Agus Tuarascáil Na gComhaltaí Boird ar lean

Caiteachas Taistil agus Cothabhála

Déantar caiteachas taistil agus cothabhála a chatagóiriú mar seo a leanas:

	2021	2020
	€	€
Intíre		
Bord & Coiste*1	7,056	5,952
Foireann	13,680	14,834
Idirnáisiúnta		
Bord	0	0
Foireann	0	207
Iomlán	20,736	20,993

*1: Áirítear leis sin taisteal agus cothabháil €3,619 a íocadh go díreach le comhaltaí an Bhoird & Coistí in 2021 (2020: €5,192). Baineann t-iarhmhéid de €3,437 (2020: €760) le caiteachas a d'íoc an Chomhairle Oidhreachta thar ceann na gcomhaltaí Boird.

Costais agus Réitigh Dlí

Níor thabhaigh an Chomhairle Oidhreachta aon chostais dhlíthiúla, aon socruithe dlíthiúla nó íocaíochtaí réitigh agus eadrána a bhain le conarthaí le tríú páirtithe. Áirítear na costais uile a bhaineann leis an gcomhairle dlí ghinearálta a fuair an Chomhairle Oidhreachta sna costais sainchomhairleoireachta thuas.

Caiteachas Fáilteachais

Áirítear sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais an caiteachas fáilteachais seo a leanas:

	2021	2020
	€	€
Riarachán, Grúpa Oibre & Cruinnithe Coiste	112	140
Searmanais Bhronnta	307	0
Cruinnithe agus Seoltaí Forbartha Cláir	575	4,671
Iomlán	994	4,811

Leis an bhfáilteachas, áirítear bia, cóiríocht agus sólaistí a thabhaítear i dtaca le soláthar cláir de chuid na Comhairle Oidhreachta le linn 2021. Ní éascaíonn cineál na n-imeachtaí ná an freastal a dhéantar ar imeachtaí deighilt bhríoch a dhéanamh ar chaiteachas fáilteachais idir bhaill foirne agus cliant faoi mar a éilítear faoin gCód Cleachtas.

Ráiteas Rialachais Agus Tuarascáil Na gComhaltaí Boird ar lean

Ráiteas maidir le Comhlíonadh

Rinne na hiniúcháirí inmheánacha athbhreithniú ar chomhlíonadh na Comhairle Oidhreachta leis an “Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit” i mí na Nollag 2021 agus soláthraíodh tuairim shubstaintiúil ar leibhéal an dearbhaithe ag éirí as an athbhreithniú sin.



Michael Farrell
Comhalta Boird
24 Meitheamh, 2022



John Patrick Greene
Comhalta Boird
24 Meitheamh, 2022

Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach

Raon Freagrachta

Thar ceann na Comhairle Oidhreachta aithním freagracht an Bhoird maidir lena chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú. Cuireann an fhreagracht seo san áireamh ceanglais an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016).

Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha chun riosca a bhainistiú go leibhéal inghlactha seachas deireadh a chur leis. Mar sin, ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnach agus ní dearbhú iomlán a thabhairt go bhfuil sócmhainní á gcosaint, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha a chosc nó a bhrath in am tráthúil.

Tá an córas rialaithe inmheánach, a sholáthraíonn treoir arna heisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, curtha i bhfeidhm ag an gComhairle Oidhreachta don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021 agus suas go dtí dáta faofa na ráiteas airgeadais.

Cumas chun Riosca a Láimhseáil

Tá Coiste Iniúchóireachta, Riosca agus Airgeadais (ARFC) ag an gComhairle Oidhreachta ar a bhfuil triúr ball den Chomhairle, duine acu ina Chathaoirleach, agus ball seachtrach amháin a bhfuil saineolas airgeadais agus iniúchóireachta aige. Tháinig an ARFC le chéile 8 n-uaire in 2021.

Tá comhairleoirí seachtracha ceaptha ag an gComhairle Oidhreachta freisin chun an fheidhm iniúchta inmheánaigh a dhéanamh, a bhfuil dóthain acmhainní aici agus a reáchtálann clár oibre arna chomhaontú leis an ARFC.

Tá beartas bainistíochta riosca forbartha ag an ARFC a leagann amach a inghlacthacht riosca, na próisis bhainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus a shonraíonn ról agus freagrachtaí na foirne maidir le riosca. D'athbhreithnigh agus d'fhaomh an Chomhairle an Beartas Bainistíochta Riosca agus an Chreata Oibriúcháin seo an 6 Bealtaine 2021.

Creat um Riosca agus Rialú

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an gComhairle Oidhreachta a shainaithníonn agus a thuairiscíonn príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á nglacadh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár riosca i bhfeidhm a shainaithníonn na príomhrioscaí atá roimh an gComhairle Oidhreachta agus táthar tar éis iad sin a shainaithint, a mheasúnú agus a rangú de réir a dtábhacht. Déanann an ARFC athbhreithniú agus uasdátú ar an gclár ar bhonn leathbhliantúil. Úsáidtear torthaí na n-athbhreithnithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú ag leibhéal inghlactha. D'athbhreithnigh agus d'fhormheas an Bord an Clár Rioscaí ar an 6 Bealtaine 2021 agus ar an 11 Samhain 2021.

Sonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhaíochtaí is gá chun rioscaí a mhaolú agus an fhreagracht as rialuithe a shanntar d'fhoireann shonrach a oibriú. Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe ann ina bhfuil na heilimintí seo a leanas i bhfeidhm:

- rinneadh nósanna imeachta do gach príomhphróiseas gnó a dhoiciméadú,
- rinneadh freagrachtaí airgeadais agus freagracht chomhfhreagrach a shannadh ag leibhéal na bainistíochta,

Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach ar lean

- tá córas iomchuí buiséadaithe i bhfeidhm lena mbaineann buiséad bliantúil ar a ndéanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithniú ar bhonn rialta
- is ann do nósanna imeachta chun slándáil na gcóras faisnéise agus na gcóras teicneolaíochta cumarsáide a chinntiú,
- córais atá i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint, agus
- cinntíonn nósanna imeachta rialaithe ar mhaoiniú deontais do ghníomhaireachtaí seachtracha go bhfuil rialú leordhóthanach i bhfeidhm maidir le deontais a cheadú agus déantar monatóireacht agus athbhreithniú ar dheontaithe chun a chinntiú go n-úsáidtear maoiniú deontais chun na críche a ceapadh dóibh.

Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Tá nósanna imeachta foirmiúla curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus déantar easpaí rialaithe a chur in iúl iad dóibh siúd atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a ghlacadh agus don bhainistíocht agus don Bhord, nuair is iomchuí, ar bhealach tráthúil. Deimhním go bhfuil na córais mhonatóireachta leanúnacha seo a leanas i bhfeidhm:

- sainiúidh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara, agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialaithe sin agus chun aon easpaí a aithníodh a thuairisciú,
- tá socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal inar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais, agus
- déanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithnithe rialta ar thuairiscí feidhmíochta agus airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht i gcomparáid le buiséid.

Tionchar Covid 19 ar an Timpeallacht Rialaithe

Rinne an Chomhairle Oidhreachta measúnú ar aon dul le ceistneoir OCAG chun meastóireacht a dhéanamh ar an timpeallacht rialaithe in 2020 agus tionchar Covid 19 air sin, agus bhreithnigh sí freagairt na bainistíochta do na dúshláin a chuireann Covid 19 os comhair na timpeallachta rialaithe. Ní raibh aon athrú ar an timpeallacht rialaithe ó mheastóireacht 2020 i leith.

Ba iad seo na príomhthorthaí:

